C/2025/6233

21.11.2025

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm chreat reachtach an Aontais maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí ag gnólachtaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6233)

CLÁR

1. **Réamhrá** 2

1.1 Cé na gnólachtaí atá faoi réir oibleagáidí faoi RSGT? 2

1.2 Cad is táirge sábháilte ann? 4

2. **Cad é raon feidhme RSGT?** 6

2.1. Cad iad na cineálacha táirgí agus bealaí díolacháin a chumhdaítear le RSGT? 6

2.2. Nasc le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais 7

2.3. Cén cineál táirgí a eisiatar ó raon feidhme RSGT? 8

3. **Mo chuid freagrachtaí** 8

3.1. Oibreoirí eacnamaíocha 9

3.1.1. Is monaróir mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT? 9

Seicliosta don mhonaróir 17

3.1.2. Is ionadaí údaraithe mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT? 18

Seicliosta don ionadaí údaraithe 19

3.1.3. Is allmhaireoir mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT? 19

Seicliosta don allmhaireoir 24

3.1.4. Is dáileoir mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT? 25

Seicliosta don dáileoir 27

3.1.5. Is soláthraí seirbhíse próiseála orduithe mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT? 28

Seicliosta don soláthraí seirbhíse próiseála orduithe 28

3.2. An t-oibreoir eacnamaíoch ag glacadh ról an duine atá freagrach chuige féin freisin 28

Seicliosta don duine atá freagrach san Aontas Eorpach 30

3.3. Soláthraithe margaí ar líne 31

Seicliosta do sholáthraithe margaí ar líne 33

3.4. Oibleagáidí agus uirlisí ginearálta 34

3.4.1. Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht agus rabhaidh sábháilteachta 34

3.4.2. Cén cineál leigheasanna ba cheart dom a thairiscint do thomhaltóirí má thionscnaím aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht? 36

3.4.3. Cad é an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht? 38

3.4.4. Modhnú substaintiúil 39

3.4.5. Comhar le húdaráis um fhaireachas margaidh 39

4. **Cén áit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?** 39

5. **Conclúid** 41

1. **Réamhrá**

Ón 13 Nollaig 2024 ar aghaidh, leagtar síos leis an **Rialachán nua maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (AE) 2023/988 (an RSGT)** ([1]) creat ginearálta nua maidir le sábháilteacht táirgí neamhbhia tomhaltais san Aontas. Rinneadh an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a bhí ann roimhe seo (Treoir 2001/95/CE) a aisghairm leis freisin. ([2])

Is é is aidhm do na treoirlínte sin, a cheanglaítear faoi Airteagal 17(2) RSGT, cabhrú le gnólachtaí agus go háirithe le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear micrifhiontair, tuiscint níos fearr a fháil ar a n-oibleagáidí faoin Rialachán nua seo agus iad a chomhlíonadh. Chun an cuspóir sin a áirithiú, agus na treoirlínte sin á n-ullmhú ag an gCoimisiún, chuaigh sé i gcomhairle le hionadaithe FBManna agus micrifhiontar i gcomhthéacs Bhonn Braite FBManna RSGT agus léirigh sé freisin ceisteanna a tharraing páirtithe leasmhara anuas maidir le léirmhíniú RSGT le linn na chéad bhliana dá chur chun feidhme.

Is é príomhchuspóir RSGT a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí sábháilte ar mhargadh an Aontais nó nach gcuirfear ar fáil ar mhargadh an Aontais iad. Tá sé tábhachtach tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar tháirgí contúirteacha, agus cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí.

Bunaítear le RSGT an ceanglas sábháilteachta ginearálta nár **cheart d'oibreoirí eacnamaíocha ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais**. Bunaítear le RSGT sraith chomhleanúnach d'íoscheanglais sábháilteachta táirgí nach mór do ghnólachtaí a chomhlíonadh chun a áirithiú nach mbeidh ach táirgí sábháilte i gcúrsaíocht ar mhargadh an Aontais. Tá feidhm aige maidir le táirgí a mhéid nach bhfuil aon fhoráil shonrach ann a bhfuil an cuspóir céanna aici faoi dhlí an Aontais lena rialáiltear sábháilteacht na dtáirgí lena mbaineann nó riosca a bhaineann le táirge den sórt sin.

Forfheidhmíonn na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh na hoibleagáidí a leagtar síos le RSGT. Seiceálann siad go bhfuil táirgí ar mhargadh an Aontais sábháilte agus go gcomhlíonann gnólachtaí a n-oibleagáidí. Má bhraitear táirge contúirteach, cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas trí Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate an Aontais, atá á bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach; cuirtear an pobal ar an eolas tríd an Tairseach Safety Gate ([3]). Féadfaidh na Ballstáit fíneáil a ghearradh freisin ar ghnólachtaí a sháraíonn a n-oibleagáidí faoi RSGT.

Is mar threoirdhoiciméad amháin atá na treoirlínte sin beartaithe – níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs reachtaíochta an Aontais féin. Ní mór aon léamh údarásach ar an dlí a dhíorthú ó théacs RSGT nó ó reachtaíocht ábhartha eile an Aontais. Is inniúlacht eisiach de chuid Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh é an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais. Leis na tuairimí a nochtar sa Treoirleabhar seo ní féidir réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Is de chineál ginearálta amháin í an fhaisnéis sna treoirlínte seo agus ní thugann sí aghaidh go sonrach ar aon duine ná ar aon eintiteas ar leith.

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas. Léirítear sna treoirlínte seo an staid mar a bhí tráth an dréachtaithe. Dá bhrí sin, féadfar an treoir a thairgtear a mhodhnú tráth níos déanaí.

1.1 **Cé na gnólachtaí atá faoi réir oibleagáidí faoi RSGT?**

Tá ról ag gach gnólacht a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair maidir le sábháilteacht táirgí a áirithiú agus, dá bhrí sin, tá oibleagáidí comhfhreagracha orthu a chomhlíonadh.

Tá oibleagáidí RSGT ábhartha do ghnólachtaí de gach méid ([4]).

([1]) Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1).

([2]) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lgh. 4-17).

([3]) Suíomh Gréasáin na Tairsí Safety Gate: https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/home.

([4]) Cé is moite d'oibleagáidí áirithe soláthraithe margaí ar líne mar a mhínítear i bpointe 3.3 den treoir seo.

Go ginearálta, déanann RSGT idirdhealú idir dhá phríomhchatagóir gnólachtaí:

A) **Oibreoirí eacnamaíocha**: an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an soláthraí seirbhíse próiseála orduithe nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil le táirgí a mhonarú nó táirgí a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir le RSGT.

— Is éard atá i gceist leis an monaróir aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a dhéanann táirge den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge sin faoi ainm an duine sin nó faoi thrádmharc an duine sin;

— Is éard atá i gceist leis an ionadaí údaraithe aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ón monaróir chun gníomhú thar ceann an mhonaróra sin i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an mhonaróra faoi RSGT;

— Is éard atá i gceist leis an allmhaireoir aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

— Is éard atá i gceist leis an dáileoir aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, ar duine é a chuireann táirge ar fáil ar an margadh;

— Is éard is soláthraí seirbhíse próiseála orduithe ann aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairgeann dhá cheann ar a laghad de na seirbhísí seo a leanas le linn gníomhaíocht tráchtála: trádstóráil, pacáistiú, seolachán nó seoladh, gan úinéireacht a bheith aige ar na táirgí lena mbaineann, seachas i gcás na seirbhísí poist mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, seirbhísí seachadta beartán mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus aon seirbhís poist nó seirbhís iompair lastais eile;

— Is oibreoir eacnamaíoch é an duine atá freagrach as táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais (‘an duine atá freagrach’) atá bunaithe san Aontas agus atá freagrach as na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 4(3) den Rialachán maidir le Faireachas Margaidh (Rialachán (AE) 2019/1020) agus in RSGT (féach pointe 3.2 le haghaidh mionsonraí faoi na cúraimí sin).

B) **Soláthraithe margaí ar líne**

Soláthraíonn soláthraithe margaí ar líne seirbhísí idirghabhálacha le haghaidh tairiscintí trádálaithe agus tomhaltóirí tríú páirtí (gnólacht le tomhaltóirí), trí chomhéadan ar líne a úsáid, mar a bhunaítear go ginearálta faoi Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha – ‘GSD’).

Faoi RSGT, ciallaíonn an téarma ‘**trádálaí**’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine atá ag gníomhú in ainm an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh sin, chun críocha a bhaineann le ceird, gnó, ceardaíocht nó gairm.

Ní thagann idirbhearta ó thomhaltóir go tomhaltóir amháin faoi raon feidhme RSGT.

Is féidir le do chuideachta a bheith i níos mó ná catagóir gnó amháin, ag brath ar an tseirbhís a sholáthraíonn sí le haghaidh táirgí éagsúla. Is é an tseirbhís a thairgeann tú do tháirge ar leith a chinneann cé acu a ghníomhaíonn tú mar oibreoir eacnamaíoch nó mar sholáthraí margaidh ar líne.

Sampla 1: *Is féidir le cuideachta a athdhíolann táirgí a bheith (i) ina dáileoir le haghaidh na dtáirgí a cheannaigh sí ó mhonaróir agus a athdhíolann sí ar an margadh; agus (ii) monaróir le haghaidh táirgí a ndearna sé athbhrandáil orthu agus a dhíolann sé faoina ainm féin.*

Sampla 2: *Is féidir soláthraí margaidh ar líne a mheas mar (i) sholáthraí margaidh ar líne le haghaidh táirgí nach soláthraíonn sé ach seirbhís idirghabhálach nó seirbhísí idirghabhálacha ina leith; (ii) mar sholáthraí seirbhíse próiseála orduithe le haghaidh táirgí dá soláthraíonn sé seirbhís próiseála orduithe, agus (iii) mar mhonaróir le haghaidh táirgí a dhíoltar faoina ainm féin.*

⇨ **Faigh amach cad iad na freagrachtaí a bhaineann le sábháilteacht táirgí agus atá bunaithe ag RSGT atá agat sna ranna ábhartha de na treoirlínte seo.**

Míníonn na treoirlínte seo duit cad iad na hoibleagáidí atá ort faoi RSGT.

Tá na hoibleagáidí sin infheidhme ón **13 Nollaig 2024** agus **baineann siad leis na táirgí uile ar mhargadh an Aontais a thagann faoi raon feidhme RSGT, (gan beann ar a láthair táirgthe)**.

Níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar tháirgí a chur ar fáil ar an margadh, ar táirgí iad a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí ([5]) a bhí ann roimhe seo agus atá i gcomhréir leis an Treoir sin agus a cuireadh ar an margadh roimh an 13 Nollaig 2024.

Cumhdaíonn RSGT réimse leathan táirgí agus, dá bhrí sin, ní bhunaítear oibleagáidí sonracha de réir earnála leis. Maidir le táirgí a chumhdaítear le rialacha earnála sonracha an Aontais, comhlánaíonn RSGT na rialacha earnála sin (mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i bpointe 2.2 de na treoirlínte seo).

Cuimhnigh nach ceanglas dlíthiúil amháin é táirgí sábháilte a sholáthar do thomhaltóirí ach go méadaíonn sé muinín as do chuideachta freisin.

1.2 Cad is táirge sábháilte ann?

Ceanglaítear le RSGT nach gcuirfear ach táirgí **sábháilte** ar an margadh. Is é sin an rud ar a dtugaimid an **ceanglas sábháilteachta ginearálta**.

Meastar gur táirge sábháilte é más rud é, faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide atá measartha intuartha, lena n-áirítear fad iarbhír na húsáide, nach bhfuil aon riosca ag baint leis nó nach bhfuil ach na rioscaí íosta inghlactha ag baint leis atá comhoiriúnach le húsáid an táirge, agus ar an gcaoi sin go bhfuil sé comhsheasmhach le hardleibhéal cosanta do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí.

I gcomhréir leis an sainmhíniú ar shláinte a bhunaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, áirítear leis an sainmhíniú sin freisin rioscaí don **mheabhairshláinte**. Mar shampla, níor cheart go gcruthódh dearadh agus úsáid bheartaithe do tháirge rioscaí do chumais chognaíocha tomhaltóirí ná níor cheart go mbeadh siad ina gcúis le dúlagar, imní nó droch-chaighdeán codlata.

Ní mór aon riosca comhshaoil a chur san áireamh freisin, a mhéid a bhaineann riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí leis.

Chun an ceanglas sábháilteachta ginearálta a chomhlíonadh, ní mór an táirge a bheith faoi réir measúnú ar na **rioscaí a d'fhéadfadh a bheith aige** maidir le sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí (measúnú riosca), agus gnéithe ábhartha uile an táirge á gcur san áireamh, agus ní mór é a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Toimhdítear go bhfuil táirge sábháilte má chomhlíonann sé, i gcás gach ceann de na rioscaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis, na caighdeáin Eorpacha ábhartha is infheidhme ar foilsíodh an tagairt dóibh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([6]) nó, in éagmais na gcaighdeán sin, na ceanglais náisiúnta sláinte agus sábháilteachta atá i ndlí an Bhallstáit ina gcuirtear ar fáil é. Is é sin le rá, tairbheoidh táirgí den sórt sin de **thoimhde comhréireachta** leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta ([7]).

([5]) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2019 maidir le caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 259, 10.10.2019, lgh. 65-74).

([7]) Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuirfidh an toimhde comhréireachta leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta ar a dtugtar tuairisc anseo cosc ar údaráis um fhaireachas margaidh gach beart is iomchuí a dhéanamh faoi RSGT i gcás ina bhfuil fianaise ann, d'ainneoin na toimhde sin, go bhfuil an táirge contúirteach (cf. Airteagal 7(3) RSGT).

Cad iad na caighdeáin Eorpacha agus conas is féidir leat iad a úsáid?

I réimsí áirithe agus i gcás táirgí áirithe, iarrann an Coimisiún Eorpach ar cheann de na heagraíochtaí oifigiúla um chaighdeánú, (CEN, CENELEC agus ETSI), caighdeáin a fhorbairt lena gcorpraítear agus lena n-athraítear an ceanglas sábháilteachta ginearálta atá in RSGT ina noirm theicniúla. Foilsítear na tagairtí do na caighdeáin sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Leis na caighdeáin sin, deonaítear **toimhde comhréireachta** leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta sin do tháirgí a forbraíodh de réir na gcaighdeán sin le haghaidh na **rioscaí a chumhdaítear leis na caighdeáin sin.** Tugtar liosta de na caighdeáin a thacaíonn le RSGT cothrom le dáta go tráthrialta agus tá sé ar fáil go poiblí. ([8]) Caighdeáin Eorpacha a bhfuil tagairtí dóibh foilsithe i gcomhréir le Treoir 2001/95/CE, tugann siad toimhde fós go bhfuiltear i gcomhréir leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in RSGT. Tá na caighdeáin Eorpacha sin le fáil i **gcatalóg na n-eagraíochtaí náisiúnta um chaighdeánú.**

Cé nach bhfuil na caighdeáin sin **ceangailteach ó thaobh dlí de**, moltar d'oibreoirí eacnamaíocha na caighdeáin sin a úsáid nuair is ann dóibh. Is amhlaidh atá toisc gur **bealach simplí** é comhlíonadh na gcaighdeán sin d'oibreoirí eacnamaíocha chun a **n-oibleagáid a chomhlíonadh gan ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh an Aontais.** Go deimhin, leagtar amach go soiléir i gcaighdeáin Eorpacha na ceanglais theicniúla agus na modhanna tástála a chuidíonn le sábháilteacht táirgí a áirithiú.

Ós rud é nach bhfuil caighdeáin theicniúla sainordaitheach, is féidir le monaróirí modhanna inmheánacha eile a úsáid i gcónaí chun sábháilteacht a dtáirgí a léiriú. Mar sin féin, ní thairbheoidh na táirgí sin de thoimhde comhréireachta leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta, agus beidh sé de fhreagracht ar an monaróir a thaispeáint go beacht conas a chuathas i ngleic leis na rioscaí sábháilteachta sainaitheanta (cuireadh deireadh leo nó maolaíodh iad). Dá bhrí sin, trí chaighdeáin Eorpacha a úsáid, is fusa do ghnólachtaí comhlíonadh a dhéanamh maidir leis na gnéithe a chumhdaítear leis na caighdeáin sin.

D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach bhfuil aon chaighdeán ann do tháirge ar leith. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha ansin dul i muinín modhanna eile chun a áirithiú agus a léiriú go bhfuil a dtáirgí sábháilte. Is féidir faisnéis níos praiticiúla a fháil faoi seo i roinn 3.1.1.

Cad atá i gceist le prionsabal an réamhchúraim duitse?

Ceanglaítear le **prionsabal an réamhchúraim** go ndéanfar bearta réamhchúraim nuair atá cúis ann le bheith in amhras faoi shábháilteacht an tionchair atá ag táirge ar shláinte an duine.

Tá tagairt d'fhigiúirí phrionsabal an réamhchúraim ann go suntasach i gCaibidil I de RSGT, agus é á chur i dtábhacht nach mór do na gníomhaithe uile atá faoi réir oibleagáidí RSGT aird chuí a thabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim agus na hoibleagáidí sin á gcur chun feidhme acu.

Ciallaíonn sé sin nach mór do gach gnólacht (oibreoirí eacnamaíocha nó soláthraithe margaí ar líne) aird chuí a thabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim agus a n-oibleagáidí ábhartha faoi RSGT á gcomhlíonadh acu.

Mar shampla: *más monaróir thú, ba cheart duit aird chuí a thabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim agus d'anailís riosca inmheánach á déanamh agat agus an doiciméadacht theicniúil maidir le do tháirge á tarraingt suas agat, nó nuair is gá duit bearta ceartaitheacha a dhéanamh nó aon tásc a thuairisciú go bhfuil do tháirge contúirteach. Trí phrionsabal an réamhchúraim a chur san áireamh cheana féin le linn chéim an dearaidh is féidir leat a áirithiú go bhfuil do tháirgí sábháilte trí dhearadh.*

I mbeagán focal, **ceanglaítear le prionsabal an réamhchúraim ar gach oibreoir eacnamaíoch guaiseacha do shláinte an duine a chosc go réamhghníomhach**, agus foráil a dhéanamh, a mhéid is féidir, maidir leis na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le táirge.

([8]) Is féidir an liosta a fháil i gcinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2019 maidir le caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 259, 10.10.2019, lgh. 65-74).

2. Cad é raon feidhme RSGT?

2.1. Cad iad na cineálacha táirgí agus bealaí díolacháin a chumhdaítear le RSGT?

Táirgí a chumhdaítear

Cumhdaítear le RSGT **táirgí tomhaltóirí.**

Mar sin féin, táirgí a dearadh ar dtús le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin, ach a cuireadh ar mhargadh na dtomhaltóirí ó shin i leith, ba cheart iad a bheith faoi réir RSGT freisin toisc go bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí nuair a úsáidtear iad i ndálaí atá measartha intuartha. Sampla de sin is ea táirgí athchóirithe agus foirgníochta tipiciúla a dhíoltar i siopaí DFÉ (Déan Féin É) a dhíolann go díreach le gnáth-thomhaltóirí.

Tá **sainiú táirge RSGT leathan go leordhóthanach chun 'aon earra' a chumhdach,** bíodh sé inláimhsithe nó doláimhsithe nó de chineál measctha. **Áirítear ann aipeanna agus táirgí bogearraí,** lena n-áirítear, mar shampla, botaí comhrá**,** agus leagtar síos ceanglais maidir lena sábháilteacht. Leis an sainiú sin, is féidir creat RSGT a úsáid freisin le haghaidh táirgí a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil ar mhargaí tomhaltóirí an Aontais amach anseo.

Tá feidhm ag RSGT maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh, bíodh siad **nua, úsáidte, deisithe nó athchóirithe**. Dá bhrí sin, tá feidhm iomlán ag oibleagáidí RSGT maidir le táirgí athláimhe, athchóirithe agus athriochtaithe, lena n-áirítear táirgí deisithe nuair a chuireann oibreoir eacnamaíoch ar an margadh iad nó nuair a chuireann sé ar fáil ar an margadh iad (ach ní maidir le féindeisiúcháin a dhéanann tomhaltóirí). Níl feidhm aige maidir le táirgí atá le deisiú nó le hathchóiriú sula n-úsáidtear iad má chuirtear na táirgí sin ar an margadh nó má chuirtear ar fáil ar an margadh iad agus iad marcáilte amhlaidh go soiléir.

Tá feidhm ag oibleagáidí RSGT maidir le táirgí a **chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh ón 13 Nollaig 2024 ar aghaidh**, agus maidir le **haon tairiscint táirgí a dhéantar ar an dáta sin nó níos déanaí**. Sa chomhthéacs sin, táirgí a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a bhí ann roimhe seo agus atá i gcomhréir leis an Treoir sin agus a cuireadh ar an margadh roimh an 13 Nollaig 2024, is féidir iad a chur ar fáil ar an margadh tar éis an 13 Nollaig 2024 freisin.

Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nach bhfuil feidhm ag na ceanglais nua maidir le faisnéis áirithe faoi inrianaitheacht agus sábháilteacht táirgí a ghreamú den táirge, nó dá phacáistíocht, faoi RSGT maidir le táirgí a cuireadh ar an margadh roimh an 13 Nollaig 2024.

Cuimhnigh go gciallaíonn cur ar an margadh an táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair. Ní mór é sin a chinneadh ar leibhéal gach aonaid shonraigh den táirge.

Na bealaí díolacháin a chumhdaítear

Áirithítear le RSGT go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar tháirgí sábháilte cibé bealach díolacháin a roghnaíonn siad. **Dá bhrí sin, cumhdaítear le RSGT sábháilteacht táirgí le haghaidh gach cineál bealaí díolacháin, lena n-áirítear díolacháin ar líne agus cineálacha eile ciandíolacháin**. Áirithítear le RSGT freisin go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis táirge agus sábháilteachta chéanna agus iad ag ceannach táirge ar líne nó trí chineálacha eile ciandíolacháin, díreach mar a bheadh acu i siopa brící agus moirtéil.

Táirgí a thairgtear lena ndíol ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíolacháin, meastar go bhfuil siad curtha ar fáil ar an margadh má tá an tairiscint dírithe ar thomhaltóirí san Aontas. Meastar, tar éis anailís cás ar chás, go bhfuil tairiscint díolacháin spriocdhírithe ar thomhaltóirí san Aontas, má dhíríonn an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha a chuid gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó. Áirítear an méid seo a leanas ar na tosca ábhartha ba cheart a chur san áireamh le haghaidh na hanailíse cás ar chás ([9]):

— na limistéir gheografacha ar féidir seoladh chucu,

— na teangacha atá ar fáil, a úsáidtear don tairiscint nó don ordú,

— na modhanna íocaíochta agus,

— úsáid airgeadra an Bhallstáit nó ainm fearainn atá cláraithe i gceann de na Ballstáit.

([9]) Féach freisin Aithris 21 RSGT.

2.2. **Nasc le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais**

Comhlánaíonn RSGT reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú ([10]) agus, dá bhrí sin, soláthraíonn sé **líontán sábhála** do gach táirge a chuirtear ar mhargaí an Aontais nó a chuirtear ar fáil orthu.

— Tá feidhm ag RSGT maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh sa mhéid nach ann d'aon fhoráil shonrach a bhfuil an cuspóir céanna aici faoi dhlí an Aontais lena rialaítear sábháilteacht na dtáirgí lena mbaineann.

— I gcás ina bhfuil táirgí faoi réir ceanglais sábháilteachta shonracha arna bhforchur le dlí an Aontais, níl feidhm ag RSGT ach maidir leis na gnéithe sin, na rioscaí sin, nó le catagóirí na rioscaí sin nach gcumhdaítear leis na ceanglais sin.

***Mar shampla**: Mar shampla, tá feidhm iomlán ag RSGT maidir le, inter alia, earraí cúraim leanaí, trealamh gleacaíochta agus troscán, ós rud é nach bhfuil na catagóirí táirgí sin faoi réir ceanglais shonracha a fhorchuirtear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás feistí ísealvoltais, bheadh feidhm fós ag RSGT maidir le roinnt gnéithe nua a bhaineann leis an teicneolaíocht, amhail cumais féinfhoghlama, mura gcumhdaítear iad sin le Treoir an Aontais maidir le hÍsealvoltais (LVD)* ([11]). *Ar an gcuma chéanna, cumhdóidh RSGT na rioscaí sábháilteachta a bhaineann le táirgí Intleachta Saorga (IS) ísealriosca. Ina theannta sin, tá feidhm ag oibleagáidí RSGT do sholáthraithe margaí ar líne freisin maidir le táirgí atá faoi réir ceanglais sábháilteachta shonracha faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais.*

Maidir le **táirgí atá faoi réir ceanglais shonracha cheana féin arna bhforchur le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú**:

Tá na Caibidlí seo a leanas **infheidhme** faoi réir na gcoinníollacha a liostaítear thuas:

✓ Caibidil I – forálacha ginearálta;

✓ Caibidil II – ceanglais sábháilteachta: níl feidhm ag an gcaibidil seo ach amháin maidir leis na rioscaí nó na catagóirí rioscaí nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú

✓ Caibidil III Roinn 2 – oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha maidir le ciandíolacháin, tuairisciú ar thionóiscí a bhaineann le táirgí, agus na forálacha maidir le faisnéis i bhformáid leictreonach;

✓ Caibidil IV – soláthraithe margaí ar líne;

✓ Caibidil VI – an Córas Mear-Rabhaidh Safety Gate agus Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht;

✓ Caibidil VIII – an ceart chun faisnéise agus chun leighis.

Níl feidhm ag na caibidlí seo a leanas:

✓ Caibidil III, Roinn 1 (an chuid de na hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha nach luaitear sa mhír thuas);

✓ Caibidil V (Faireachas margaidh agus cur chun feidhme);

✓ Caibidil VII (Ról agus comhordú forfheidhmiúcháin an Choimisiúin); agus

✓ Caibidlí IX go XI (Comhar idirnáisiúnta, Forálacha airgeadais, Forálacha críochnaitheacha).

([10]) Reachtaíocht an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lgh. 1–44), agus aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena gcomhchuibhítear na coinníollacha maidir le táirgí a mhargú a bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir leo.

([11]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357–374).

Tá RSGT idirnasctha leis an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh ([12]) sa chiall go bhfuil feidhm ag roinnt forálacha den Rialachán sin, go háirithe iad siúd a bhaineann le cumhachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh, maidir le faireachas ar tháirgí a chumhdaítear le RSGT freisin. ([13]) Ina theannta sin, ar ndóigh, tá **idirnaisc láidre freisin ag RSGT le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais** a bhaineann le hábhar neamhdhleathach ar líne, lena n-áirítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ([14]).

2.3. Cén cineál táirgí a eisiatar ó raon feidhme RSGT?

Eisiatar na táirgí agus grúpaí táirgí a leanas ó raon feidhme chur i bhfeidhm RSGT:

a) táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta;

b) bia;

c) beatha;

d) plandaí beo agus ainmhithe beo, orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus micrea-orgánaigh ghéinmhodhnaithe in úsáid shrianta, chomh maith le táirgí plandaí agus ainmhithe a bhaineann go díreach lena n-atáirgeadh amach anseo;

e) seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe;

f) táirgí cosanta plandaí;

g) trealamh a iompraíonn tomhaltóirí nó a dtaistealaíonn siad air má oibríonn soláthraí seirbhíse an trealamh sin go díreach i gcomhthéacs seirbhís iompair a sholáthraítear do thomhaltóirí agus nach bhfuil á oibriú ag na tomhaltóirí iad féin;

h) aerárthach dá dtagraítear in Airteagal 2(3) (d), de Rialachán (AE) 2018/1139; agus

i) seandachtaí (i.e. táirgí, amhail earraí bailitheoirí nó saothair ealaíne, nach féidir le tomhaltóirí a bheith ag súil go réasúnta go gcomhlíonann siad caighdeáin sábháilteachta úrscothacha).

Thairis sin, níl feidhm ag RSGT maidir le **táirgí atá le deisiú nó le hathriochtú sula n-úsáidfear iad** má chuirtear na táirgí sin ar an margadh nó má chuirtear ar fáil ar an margadh iad agus má tá siad marcáilte go soiléir amhlaidh. Mar sin féin, bheadh feidhm aige maidir le táirgí athláimhe, deisithe, athchóirithe nó athriochtaithe a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh amhlaidh.

Ní chumhdaítear **seirbhísí** le RSGT, ach cumhdaítear **táirgí a sholáthraítear do thomhaltóirí i gcomhthéacs seirbhíse** le RSGT. Mar shampla:

— Táirgí a sholáthraítear do thomhaltóirí a úsáidtear lasmuigh d'áitreabh soláthraí seirbhíse, (e.g. rothair ar cíos);

— Táirgí a úsáidtear in áitreabh soláthraí seirbhíse, má oibríonn na tomhaltóirí féin táirge go gníomhach, (e.g., meaisíní corpacmhainne in lárionaid corpacmhainne);

— Táirgí a úsáideann tomhaltóirí go díreach le linn na seirbhíse a sholáthraítear, agus sin fiú má tá an úsáid sin éighníomhach (e.g., tá na táirgí sin á gcur ar na tomhaltóirí ag na soláthraithe seirbhíse amhail táirgí cosmaideacha a úsáidtear i salóin chosmaideacha nó i ndúigh tatúnna a úsáidtear i salóin tatúnna).

3. Mo chuid freagrachtaí

Chun tuiscint a fháil ar cad iad do chuid freagrachtaí faoi RSGT, ní mór duit a chinneadh ar dtús cén ról atá á imirt agat do na táirgí a láimhseálann tú.

Faoi shamhlacha gnó casta nua atá ag teacht chun cinn, is féidir leis an eintiteas gnó céanna seirbhísí éagsúla a sholáthar.

([12]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lgh. 1-44).

([13]) Féach Airteagal 23 RSGT.

([14]) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1-102).

Ag brath ar chineál na seirbhísí atá á soláthar agat le haghaidh táirge ar leith, d'fhéadfá teacht faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí gnólachtaí seo a leanas faoi RSGT le haghaidh an táirge áirithe sin ([15]):

— más rud é, mar ghnólacht, **nach soláthraíonn tú ach seirbhísí idirghabhála ar líne** le haghaidh táirge ar leith, (e.g. trí chead a thabhairt tairiscintí tríú páirtí a liostú ar do chomhéadan), ansin chun an táirge sonrach sin a dhíol, cáilíonn tú mar **sholáthraí margaidh ar líne** agus, dá bhrí sin, ní mór duit ceanglais Chaibidil IV de RSGT agus na forálacha eile RSGT lena dtugtar aghaidh go sonrach ar sholáthraithe margaí ar líne a chomhlíonadh.

— má ghníomhaíonn tú freisin mar oibreoir eacnamaíoch le haghaidh táirge/táirgí eile (e.g. trí do tháirgí brandáilte féin a thairiscint, trí ghníomhú mar dháileoir nó allmhaireoir nó trí sheirbhísí próiseála orduithe a sholáthar), anseo ní mór duit oibleagáidí ábhartha Chaibidil III de RSGT agus forálacha eile RSGT a bhaineann le hoibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonadh, go ginearálta nó go sonrach.

Mar shampla: *Soláthraíonn cuideachta margadh ar líne. Má thairgeann an chuideachta seo a táirge brandáilte féin ar an gcomhéadan ar líne sin, mheasfaí gur oibreoir eacnamaíoch (monaróir) é le haghaidh na dtáirgí sin, fiú murar tháirg an chuideachta féin é.*

— má cháilíonn tú nó soláthraíonn tú seirbhísí mar **dhuine atá freagrach** (e.g., trí ghníomhú mar ionadaí údaraithe monaróra tríú tír nó mar sholáthraí seirbhíse próiseála orduithe), ní mór duit oibleagáidí an duine atá freagraigh a chomhlíonadh (féach pointe 3.2 chun tuilleadh sonraí a fháil faoin duine atá freagrach).

Moltar go láidir duit anailís chúramach a dhéanamh ar na seirbhísí a thairgeann tú do na táirgí atá á láimhseáil agat chun a fháil amach cén chatagóir nó cad iad na catagóirí gnó a dtagann tú orthu le haghaidh táirge ar leith. Cuimhnigh go bhféadfadh tú a bheith i gcatagóirí éagsúla gnó le haghaidh táirgí éagsúla agus dá bhrí sin d'fhéadfadh go mbeadh ort tacair éagsúla oibleagáidí a chomhlíonadh ag an am céanna.

Tá na freagrachtaí ar a dtugtar tuairisc thíos gan dochar agus tagann siad sa bhreis ar do chuid oibleagáidí a shonraítear faoi reachtaíocht chomhchuibhithe eile an Aontais nó faoi reachtaíocht eile an Aontais.

3.1. **Oibreoirí eacnamaíocha**

3.1.1. **Is monaróir mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT?**

Cé is monaróir ann?

Sainmhínítear monaróir in RSGT mar *aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a dhéanann táirge a dhearadh nó a mhonarú,* ***agus*** *a mhargaíonn an táirge faoi ainm nó trádmharc an duine.*

Ar an gcéad dul síos, ní mór don mhonaróir an táirge a mhonarú ar dtús, nó táirge a dhearadh nó a mhonarú thar a cheann. Ar an dara dul síos, ní mór dó an táirge a mhargú faoina ainm nó faoina thrádmharc.

([15]) Ní chuireann sé seo as an áireamh, i gcás táirge eile, a bhfuil seirbhísí éagsúla á soláthar agat dó, go dtagann tú faoi chatagóir (catagóirí) gnó eile faoi RSGT. Is féidir leis an ngnólacht céanna teacht faoi roinnt catagóirí gnó, ag brath ar an ról/na róil a imríonn sé maidir le gach ceann de na táirgí a láimhseálann sé.

Dá bhrí sin, meastar gur monaróirí iad daoine nádúrtha nó dlítheanacha má chuireann siad an táirge ar an margadh faoina n-ainm (fiú murar tháirg siad féin an táirge); ina theannta sin, meastar gur monaróirí iad freisin má mhodhnaíonn siad go substaintiúil an táirge a mhonaraíonn duine eile agus má chuireann siad iad féin ar an margadh é.

Mar shampla: Ceannaíonn cuideachta A mugaí ó chuideachta eile B a tháirg iad. Brandálann cuideachta A iad lena lógó agus díolann sé le tomhaltóirí iad. Is í cuideachta A monaróir na mugaí sin agus tá sí faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi RSGT.

Mar mhonaróir, tá an ról is tábhachtaí agat i sábháilteacht táirgí ós rud é go bhfuil baint agat ó chéim dhearaidh an táirge ar aghaidh.

Is í an oibleagáid fhoriomlán atá ort a áirithiú go bhfuil na táirgí a chuireann tú ar an margadh deartha agus monaraithe sa chaoi is go bhfuil siad sábháilte.

Conas táirgí sábháilte a dhearadh? An tábhacht a bhaineann leis an anailís riosca inmheánach

Tá oibleagáid ort gan ach táirgí atá sábháilte trí dhearadh a chur ar fáil nó a dhéanamh. Chun na críche sin, ní mór duit **anailís riosca inmheánach** a dhéanamh, rud a chiallaíonn **measúnú riosca ceart ar an táirge**.

Ní mór duit roinnt **gnéithe a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh agat ar shábháilteacht táirge**. Soláthraítear le RSGT liosta neamh-uileghabhálach d'eilimintí nach mór a chur san áireamh agus anailís á déanamh ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le táirge ar leith.

Ní mór duit smaoineamh ar dtús ar **shaintréithe** an táirge. Áirítear orthu sin a dhearadh, a ghnéithe teicniúla, a chomhdhéanamh, a phacáistíocht agus a threoracha.

Más féidir do tháirge a úsáid le táirgí eile, ní mór duit **éifeacht do tháirge** ar na táirgí eile seo agus an **éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag táirgí eile** ar do tháirge a chur san áireamh freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh bogearraí, nó a uasdátú, a bheith ina gcúis le róthéamh ar an bhfeiste mar gheall ar phróiseálaí na feiste a spreagadh chun ró-obair a dhéanamh.

Beidh ort smaoineamh freisin ar conas do tháirge a **chur i láthair** agus cén fhaisnéis sábháilteachta, cén lipéad, cén rabhadh agus cé na treoracha lena úsáid agus lena dhiúscairt go sábháilte nach mór duit a ghreamú ar do tháirge nó ar a phacáistíocht. Mar shampla, ag brath ar chineál an táirge, b'fhéidir go mbeidh ort an táirge a lipéadú maidir lena oiriúnacht aoise do leanaí, chomh maith le haon rabhadh agus treoir iomchuí a chur leis.

Ní mór duit cuimhneamh freisin ar na **catagóirí tomhaltóirí** a úsáideann do tháirge. Ní mór duit aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do tháirgí do **thomhaltóirí** i gcásanna leochaileachta (e.g., leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas...) agus saintréithe amhail **inscne** an úsáideora a chur san áireamh.

Mar shampla: Ag brath ar chineál an táirge, b'fhéidir go mbeadh ort a mheas go mbíonn mná níos lú ná fir de ghnáth, ionas nach mór méideanna éagsúla coirp a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh sna rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge.

Thairis sin, ní mór duit smaoineamh ar **chuma** do tháirge, go háirithe nuair is dócha go gcuirfidh sé mearbhall ar thomhaltóirí. Baineann sé sin go príomha leis an méid seo a leanas:

— **Táirgí a bhfuil cuma bhia orthu**: ní mór duit measúnú a dhéanamh ar an bhfuil cuma bhia ar do tháirge agus an féidir le tomhaltóirí é a chur ina mbéal. I measc na samplaí bheadh earraí maisiúla a bhfuil cuma thorthaí orthu, nó barra gallúnaí a bhfuil cuma cístín cupa air, agus as a bhféadfadh píosaí beaga scaradh dá mbainfí greim as.

— **Táirgí atá tarraingteach do leanaí**: ní mór duit measúnú a dhéanamh an dócha go meallfaidh do tháirge, fiú mura bhfuil sé beartaithe do leanaí, a n-aird agus dá bhrí sin go n-úsáidfidh siad é. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, le ceallra nó glantach maisithe le carachtair chartúin.

Ag brath ar chineál do tháirge, beidh ort na **gnéithe cibearshlándála** is gá a chur san áireamh freisin chun é a chosaint ar thionchair sheachtracha agus ar a **fheidhmiúlachtaí athraitheacha, foghlama** agus **tuarthacha**.

Mar a mhínítear sa dara roinn de na treoirlínte seo, toimhdeofar go bhfuil do tháirge sábháilte má chomhlíonann sé (i) na caighdeáin Eorpacha ábhartha, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, maidir leis na rioscaí a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó ina n-éagmais, (ii) ceanglais náisiúnta ábhartha an Bhallstáit ina gcuirfear do tháirge ar an margadh nó ina gcuirfear ar fáil ar an margadh é.

Mar sin féin, **mura dtairbhíonn do tháirge de thoimhde sábháilteachta den sórt sin**, nó i gcás na rioscaí nach gcumhdaítear leis na caighdeáin sin, ba cheart duit measúnú iomlán a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis agus ar bhealaí chun deireadh a chur leo nó chun iad a mhaolú.

Sa chás sin, chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le do tháirge, beidh ort smaoineamh ar roinnt eilimintí breise a chur san áireamh, má bhíonn siad ar fáil:

a) Caighdeáin Eorpacha eile;

b) Caighdeáin idirnáisiúnta;

c) Comhaontuithe idirnáisiúnta;

d) Scéimeanna deimhniúcháin deonacha nó creataí measúnaithe comhréireachta tríú páirtí comhchosúla;

e) moltaí nó treoirlínte ón gCoimisiún maidir le measúnú ar shábháilteacht táirgí;

f) Caighdeáin náisiúnta arna dtarraingt suas sa Bhallstát ina gcuirtear an táirge ar fáil;

g) An úrscothacht agus an teicneolaíocht;

h) Cóid sábháilteachta dea-chleachtais táirgí atá i bhfeidhm san earnáil lena mbaineann;

i) Ionchais réasúnta tomhaltóirí i dtaca le sábháilteacht; agus

j) Ceanglais sábháilteachta, arna nglacadh ag an gCoimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme atá ceaptha a bheith cumhdaithe ag caighdeáin Eorpacha chun a áirithiú go bhfuil an táirge sábháilte.

Cén uair is gá dom an doiciméadacht theicniúil a dhréachtú? Cén fhaisnéis ba cheart dom a áireamh sa doiciméadacht theicniúil [16]**?**

Sula gcuirfidh tú an táirge ar an margadh, ní mór duit anailís riosca inmheánach a dhéanamh mar a luaitear thuas, agus ní mór duit doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas chun é a dhoiciméadú. [17]

Tá an doiciméadacht theicniúil le hullmhú i ndáil le gach táirge (samhail táirge), seachas aonaid aonair de. Mar sin féin, má tháirgtear aonaid aonair táirge (samhail táirge) le gnéithe éagsúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a sábháilteacht (e.g., dath éagsúil, comhdhéanamh éagsúil, feidhmiúlachtaí éagsúla), rud a fhágann gur táirgí sonracha iad agus go bhfuil gá le doiciméadacht theicniúil shonrach le haghaidh gach ceann acu [18].

Ba cheart anailís riosca an táirge a bheith sa doiciméadacht theicniúil agus ba cheart na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge a chur i dtábhacht, gan beann ar a leibhéal riosca.

Ba cheart an méid faisnéise agus an leibhéal mionsonraí atá le soláthar sa doiciméadacht theicniúil a bheith i gcomhréir le castacht an táirge agus leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann arna sainaithint ag an monaróir.

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa doiciméadacht theicniúil:

— Tuairisc ghinearálta ar an táirge;

— Buntréithe an táirge atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar a shábháilteacht (e.g., a chomhpháirteanna ceimiceacha, etc.); agus

[16] Féach Airteagal 9(2) RSGT.

[17] Cuimhnigh nach bhfuil feidhm ag Caibidil III, Roinn I de RSGT lena leagtar síos oibleagáidí ar mhonaróirí, lena n-áirítear i ndáil leis an doiciméadacht theicniúil, maidir le táirgí atá faoi réir ceanglais shonracha arna bhforchur le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais, mar a mhínítear i Roinn 2.2.

[18] Ní gá duit doiciméadacht theicniúil a choimeád ar pháirteanna spártha do tháirge mura bhfuil tú á monarú. Má tá tionchar ag páirt spártha ar leith nach monaraíonn tú ar shábháilteacht do tháirge, ba cheart duit an ghné sin a chur san áireamh i d'anailís riosca agus í a dhoiciméadú i do dhoiciméadacht theicniúil.

— I gcás inarb iomchuí maidir le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an táirge:
  — Anailís ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge agus na réitigh a glacadh chun deireadh a chur ar na rioscaí sin nó iad a mhaolú (d'fhéadfadh toradh na dtuarascálacha tástála a bheith san áireamh anseo);
  — Liosta de chaighdeáin Eorpacha ábhartha a chuirtear i bhfeidhm (mura gcuirtear i bhfeidhm iad ach go páirteach, sonraigh na codanna a cuireadh i bhfeidhm);
  — In éagmais caighdeáin Eorpacha ábhartha, liosta de cheanglais náisiúnta a bhaineann le sábháilteacht an táirge, i gcás ina bhfuil fáil orthu; nó
  — Eilimintí/modhanna eile a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na dtáirgí/rioscaí na dtáirgí a mhaolú.

Is féidir an doiciméadacht theicniúil a bheith i bhformáid leictreonach agus freisin i bhfoirm comhaid atá comhdhéanta de dhoiciméid éagsúla.

Ba cheart duit an doiciméadacht theicniúil a choimeád cothrom le dáta agus ar feadh 10 mbliana tar éis an táirge a chur ar an margadh.

Anseo thíos tá teimpléad samplach a d'fhéadfadh cuidiú leat do dhoiciméadacht theicniúil a dhréachtú agus a eagrú. Níl an teimpléad samplach sin éigeantach.

Doiciméadacht theicniúil – teimpléad samplach

1. Céannacht táirgí:

Branda:

Ainm an táirge:

Cineál samhla / baiscuimhir / sraithuimhir nó eilimint aitheantais eile:

Tuairisc ar an táirge:

Pictiúr den táirge:

Tuairisc ar an bpacáistíocht:

Pictiúr de phacáistíocht:

2. Saintréithe agus comhdhéanamh an táirge:

Saintréithe:

Ábhar:

Comhdhéanamh:

3. Anailís riosca agus bearta maolaithe riosca

Ní mór duit tuairisc ar leithligh a thabhairt ar gach riosca féideartha a sainaithníodh agus ar na bearta atá déanta agat chun an riosca sin nó toimhde na bhforálacha comhréireachta a mhaolú nó chun deireadh a chur leis (e.g., caighdeáin an Aontais a úsáid).

Riosca féideartha 1:

Tuairisc ar an riosca féideartha:

Bearta chun aghaidh a thabhairt ar an riosca féideartha sin:

— E.g., Comhlíonann gach substaint a úsáidtear sa táirge agus sa phacáistíocht [...]
— Comhlíonann an [...] caighdeán Eorpach [...]-
— Comhlíonann rabhaidh agus treoracha úsáide a sholáthraítear leis an táirge caighdeán Eorpach [...]

Riosca féideartha 2:

Tuairisc ar an riosca féideartha:

Bearta chun aghaidh a thabhairt ar an riosca féideartha sin:

[...]

Cén fhaisnéis ba cheart dom a sholáthar ar an táirge/leis an táirge agus táirge á chur ar an margadh agam?

Faisnéis nach mór duit a sholáthar:

A) Uimhir an chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir nó eilimint eile lenar féidir í a shainaithint (e.g., barrachód)

B) D'ainm mar mhonaróir

C) Do thrádainm cláraithe nó do thrádmharc cláraithe

D) Do sheoladh poist agus leictreonach agus, i gcás go bhfuil difríocht eatarthu, seoladh poist nó seoladh leictreonach an phointe teagmhála aonair trínar féidir le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh leat

E) Ainm nó trádmharc cláraithe, agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh poist agus seoladh leictreonach an duine atá freagrach san Aontas as an táirge seo

Conas ba cheart an fhaisnéis a liostaítear i bpointí A go E a thaispeáint?

Caithfidh tú a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí an fhaisnéis sin a fheiceáil agus a léamh go héasca. Ba cheart í a chur ar an táirge nó, mura féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge. Is fútsa atá sé an cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin a thaispeáint laistigh den chreat a sholáthraítear. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeifeá in ann freisin údar maith a thabhairt le do rogha i gcás díospóide. I bprionsabal, ní fhéadfadh ach méid an táirge (agus dá bhrí sin, ní cúiseanna aeistéitiúla nó comhchosúla, mar shampla) údar maith a thabhairt le roinnt faisnéise a éilítear a aistriú ón táirge chuig a phacáistíocht nó chuig doiciméid eile a ghabhann leis. ([19])

Cad is brí le 'seoladh leictreonach'?

Is féidir le seoladh leictreonach a bheith ina sheoladh ríomhphoist nó ina roinn thiomnaithe ar do shuíomh gréasáin a chuireann é ar a gcumas do thomhaltóirí teagmháil a dhéanamh leat go díreach agus go héasca. Ní leordhóthanach suíomh gréasáin ann féin mura gceadaíonn sé cumarsáid dhíreach leat.

F) Treoracha soiléire maidir le húsáid shábháilte

G) Faisnéis shoiléir sábháilteachta

Cén teanga inar gá dom an fhaisnéis atá liostaithe i bpointí F agus G a sholáthar?

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil na treoracha sin agus an fhaisnéis sábháilteachta i dteanga atá sothuigthe go héasca ag tomhaltóirí. Is é an Ballstát ar ar a mhargadh a chuireann tú an táirge a chinneann an méid sin.

An bhfuil an fhaisnéis seo sainordaitheach i ngach cás?

Níl, más féidir an táirge a úsáid go sábháilte agus mar a bhí beartaithe agat gan na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta sin, níl siad sainordaitheach. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás táirgí lena mbaineann rioscaí a bhfuil eolas maith ag tomhaltóirí fúthu (e.g. sceana).

Cad iad na hoibleagáidí atá orm má tá mé lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach?

Tá sé tábhachtach an pointe a chur i dtábhacht, i gcás táirgí a chumhdaítear le RSGT, nach féidir leat táirge a chur ar mhargadh an Aontais ach amháin má tá duine atá freagrach as bunaithe san Aontas. Féadfaidh an t-allmhaireoir, an t-ionadaí údaraithe atá sainordaithe agat féin nó soláthraí seirbhíse próiseála orduithe a bheith mar dhuine freagrach an táirge. **Ní mór sonraí aitheantais agus teagmhála an duine fhreagraigh a léiriú ar an táirge freisin (nó ar a phacáistíocht, ar an mbeartán nó ar dhoiciméad a ghabhann leis).** Is féidir leat féin nó le hoibreoir eile é sin a dhéanamh go díreach, ach ní mór duit a áirithiú nach gcuirtear do tháirge ar mhargadh an Aontais mura soláthraítear sonraí teagmhála an duine fhreagraigh san Aontas. Féach tuilleadh eolais i bpointe 3.2.

([19]) Leantar cur chuige comhchosúil freisin sna treoirlínte sa Treoirleabhar Gorm maidir le cur chun feidhme na rialacha maidir le táirgí: Fógra ón gCoimisiún 'Treoirleabhar Gorm' 2022 um chur chun feidhme rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí (IO C 247, 29.6.2022, lgh. 1-152).

Cad iad na hoibleagáidí atá orm má thairgim táirge trí chiandíolacháin?

Má chinneann tú táirgí a chur ar fáil ar an margadh ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíolacháin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a léiriú go soiléir agus go feiceálach i dtairiscint na dtáirgí sin (e.g., tairiscint táirge ar do r-shiopa):

(a) Ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon leis an seoladh poist agus an seoladh leictreonach inar féidir teagmháil a dhéanamh leis;

(b) I gcás nach bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach an duine atá freagrach de réir bhrí Airteagal 16(1) den Rialachán seo nó Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020;

(c) Faisnéis lenar féidir an táirge a shainaithint, lena n-áirítear pictiúr de, a chineál agus aon aitheantóir táirge eile; agus

(d) Aon rabhadh nó faisnéis sábháilteachta atá le greamú ar an táirge nó ar an bpacáistíocht nó atá le háireamh i ndoiciméad a ghabhann leis i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú is infheidhme i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint go héasca, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh.

Cad iad na hoibleagáidí atá orm má tá scéim clárúcháin nó clár dílseachta do chustaiméirí i bhfeidhm agam?

Leagtar amach in RSGT oibleagáidí nua má tá na nithe seo a leanas agat (nó má tá sé beartaithe agat iad a bheith agat):

— **scéim clárúcháin**, trínar féidir le tomhaltóirí, tar éis dóibh táirge a cheannach, roinnt faisnéise amhail a n-ainm, a bhfaisnéis teagmhála, samhail an táirge nó a sraithuimhir a chur in iúl go deonach don mhonaróir, agus d'fhéadfadh sé go mbainfeadh siad tairbhe éigin as sin.

— **clár dílseachta do chustaiméirí** lenar féidir táirgí a cheannaíonn tomhaltóirí a shainaithint (e.g., tá cárta dílseachta ag custaiméirí a dhéantar a scanadh nuair a cheannaíonn siad táirgí, agus tá stair a gceannachán ar fáil don ghnólacht a chuir an clár dílseachta ar bun). Ní áirítear leis sin cláir dhílseachta do chustaiméirí nach gcumasaítear leo táirgí a cheannaigh tomhaltóirí a shainaithint, mar shampla cártaí dílseachta trínar féidir le custaiméirí roinnt tairbhí a fháil le haghaidh méid áirithe a ceannaíodh, ach nach bhfuil aon sonraí cláraithe ina leith maidir leis na táirgí a cheannaigh an gcustaiméir.

Is bealaí éifeachtúla iad an dá chóras chun custaiméirí a shainaithint a ndéanann aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhadh sábháilteachta difear dóibh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go roghnódh custaiméirí gan iad a úsáid toisc nach bhfuil suim acu sna tairbhí eile a thairgtear leis an scéim clárúcháin nó leis an gclár dílseachta do chustaiméirí. B'fhéidir nach mian leo go háirithe go ndéanfaí teagmháil leo chun críoch margaíochta.

Faoi RSGT, má tá scéim clárúcháin nó clár dílseachta do chustaiméirí i bhfeidhm agat, ní mór duit ligean do thomhaltóirí rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh sa scéim clárúcháin nó sa chlár dílseachta do chustaiméirí chun críoch sábháilteachta amháin.

Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag custaiméirí a sonraí teagmhála a sholáthar chun faisnéis sábháilteachta a fháil, agus chun é sin amháin (e.g., aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhaidh sábháilteachta). Sa chás sin, níor cheart a gcuid sonraí a úsáid ach amháin chun teagmháil a dhéanamh leo i gcás aisghairme nó rabhadh sábháilteachta agus níor cheart iad a phróiseáil chun aon chríche eile (amhail margaíocht).

Tar éis an táirge a chur ar an margadh:

— **Doiciméadacht theicniúil:**

  — Ba cheart duit an doiciméadacht theicniúil a choinneáil cothrom le dáta. Mar shampla, ba cheart athrú ar chomhdhéanamh an táirge a léiriú sa doiciméadacht theicniúil.

  — Ba cheart duit an doiciméadacht sin a choimeád ar feadh 10 mbliana tar éis an táirge a chur ar an margadh. Ní mór duit a bheith in ann an doiciméadacht sin a sholáthar do na húdaráis arna iarraidh sin dóibh.

— **Próisis inmheánacha**: ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm agat chun a áirithiú go mbeidh táirgí a tháirgtear i sraith sábháilte i gcónaí chomh maith le próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí a chuireann ar do chumas do chuid oibleagáidí faoi RSGT a chomhlíonadh (e.g. rialuithe cáilíochta, foireann atá oilte ar shaincheisteanna sábháilteachta táirgí agus eolach ar reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí, conairí foghlama maidir le sábháilteacht táirgí a thabhairt isteach, nósanna imeachta le leanúint nuair a fhaightear faisnéis faoi thionóiscí nó gearán, etc.).

Cad ba cheart dom a dhéanamh má thagann saincheist sábháilteachta chun cinn?

Má mheasann tú nó má tá cúis agat a chreidiúint go bhfuil táirge a chuir tú ar an margadh contúirteach (mar shampla mar gheall ar thionóisc a thuairiscigh tomhaltóir nó gníomhaí sa slabhra soláthair), ní mór duit na céimeanna seo a leanas a dhéanamh láithreach:

1) **Déan na bearta ceartaitheacha is gá chun riosca sábháilteachta a bhainistiú go héifeachtach agus chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta**

Samplaí de bhearta ceartaitheacha is féidir leat a dhéanamh:

— An táirge a aisghairm ó úsáideoirí deiridh (féach na forálacha a bhaineann le faisnéis faoi aisghairmeacha, fógraí aisghairme agus leigheasanna i gcás aisghairme i bpointe 3.4.1);

— An táirge a tharraingt siar ón margadh;

— An táirge a dhíothú;

— Deireadh a chur le díolacháin;

— An táirge a mharcáil le rabhaidh iomchuí maidir leis na rioscaí;

Rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí faoi na rioscaí.

Ba cheart duit faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an bhirt a ghlac tú agus é a oiriúnú más gá. B'fhéidir go mbeidh ort roinnt beart éagsúil a dhéanamh go comhuaineach.

2) **Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin táirge contúirteach/faoi na táirgí contúirteacha**

Ní mór duit tomhaltóirí a chur ar an eolas i gcás aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhadh sábháilteachta (faisnéis nach mór a chur in iúl do thomhaltóirí chun úsáid shábháilte táirge a áirithiú). Féach pointe 3.4.1 chun mionsonraí a fháil).

Is féidir leat an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht ([20]) a úsáid chun foláireamh a thabhairt do thomhaltóirí agus d'údaráis an tráth céanna (d'fhéadfadh an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith éagsúil i dtéarmaí mionsonraí agus teicniúlachta).

Faisnéis a chuirtear isteach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht agus atá beartaithe don phobal, cuirfear ar fáil do thomhaltóirí í ar an Tairseach Safety Gate.

3) **Údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar cuireadh an táirge ar fáil ar an margadh a chur ar an eolas**

Conas ba cheart dom na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas?

Ní mór duit an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid (féach pointe 3.4.3). Cuireann an uirlis sin é ar do chumas na Ballstáit uile inar cuireadh an táirge contúirteach ar fáil a roghnú agus na húdaráis a chur ar an eolas láithreach agus go comhuaineach.

Cén cineál faisnéise is gá dom a chur in iúl do thomhaltóirí agus d'údaráis?

Ní mór duit mionsonraí a thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

— an riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí: tuairisc a thabhairt ar bhealach soiléir agus intuigthe ar cad is féidir tarlú má úsáidtear an táirge;

— aon bheart ceartaitheach a rinneadh cheana; agus

— má tá sí ar fáil, cainníocht na dtáirgí atá fós i gcúrsaíocht ar an margadh, de réir Ballstáit.

4) **Oibreoirí eacnamaíocha eile, daoine atá freagrach, agus soláthraithe margaí ar líne sa slabhra soláthair lena mbaineann a chur ar an eolas go tráthúil faoi aon saincheist sábháilteachta atá sainaitheanta agat**

Tá an tarchur faisnéise sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sábháilteachta go tapa.

Gearáin agus tionóiscí

Tá na hoibleagáidí seo a leanas ort maidir le gearáin agus ó thomhaltóirí agus tionóiscí:

1) **Bealach a bheith agat le haghaidh gearáin ó thomhaltóirí**

Ní mór duit bealach cumarsáide a bheith agat ar nós uimhir theileafóin, seoladh leictreonach nó roinn thiomnaithe ar do shuíomh gréasáin a chuireann é ar a gcumas do thomhaltóirí gearáin a chur isteach agus tú a chur ar an eolas faoi aon tionóisc nó fadhb sábháilteachta a bhí acu le táirge. D'fhéadfadh an cainéal cumarsáide sin a bheith mar an gcéanna leis an bpointe teagmhála aonair is gá duit a thaispeáint ar an táirge (seoladh poist nó leictreonach an phointe teagmhála aonair ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leat).

([20]) https://webgate.ec.europa.eu/safety-business-gateway/screen/public/home.

Ba cheart riachtanais inrochtaineachta daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh leis sin. Mar shampla, níor cheart go mbeadh an fhaisnéis uile i bpictiúr nach féidir le bogearraí téacs go caint a léamh ([21]).

2) **Gearáin a imscrúdú**

Ní mór duit imscrúdú a dhéanamh ar gach gearán a fhaightear ó thomhaltóir nó ar fhaisnéis faoi thionóisc a bhaineann le sábháilteacht táirge. Más cosúil go bhfuil údar maith leis, ba cheart duit beart ceartaitheach a dhéanamh.

Má thuairiscigh an tomhaltóir tionóisc a bhaineann le sábháilteacht táirge, ní mór duit í a thuairisciú do na húdaráis trí úsáid a bhaint as an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

Ní mór duit clár inmheánach a choimeád de na nithe seo a leanas:

— gearáin ó thomhaltóirí agus faisnéis faoi thionóiscí;

— aisghairmeacha táirgí; agus

— aon bheart ceartaitheach a rinneadh chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta.

Níor cheart duit ach na sonraí pearsanta a theastaíonn uait chun an gearán a imscrúdú a stóráil sa chlár inmheánach gearán sin.

Níor cheart sonraí den sórt sin a choimeád ach chomh fada agus is gá chun críocha an imscrúdaithe. In aon chás, ba cheart duit sonraí pearsanta (e.g., ainm agus seoladh an tomhaltóra) a scriosadh den chlár cúig bliana tar éis na sonraí a chur isteach ann.

3) **Tionóiscí a bhaineann le sábháilteacht táirgí a thuairisciú**

Nuair a chuirtear ar an eolas thú nó nuair a fhaigheann tú eolas faoi thionóisc arb é is cúis léi táirge a chuir tú ar an margadh nó a chuir tú ar fáil ar an margadh, ní mór duit fógra faoin tionóisc a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit inar tharla an tionóisc, a luaithe is féidir tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

Nuair a chuireann allmhaireoirí nó dáileoirí tú ar an eolas gur tharla tionóisc den sórt sin, ní mór duit fógra na tionóiscí sin a thabhairt do na húdaráis inniúla tú féin nó treoir a thabhairt don allmhaireoir, nó do cheann de na dáileoirí, an fógra a thabhairt.

Cad is tionóisc ann a bhaineann le sábháilteacht táirgí?

Tionóiscí nach mór fógra a thabhairt ina leith, is tarluithe iad a bhaineann le húsáid táirge a raibh bás duine nó éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine sin mar thoradh air. Is féidir leis na héifeachtaí sin a bheith buan nó sealadach. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin gortuithe, damáiste eile don chorp, tinnis agus éifeachtaí sláinte ainsealacha.

Cén uirlis is gá dom a úsáid chun fógra a thabhairt faoin tionóisc?

Ní mór duit an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid (féach pointe 3.4.3).

Cén cineál faisnéise is gá dom a áireamh san fhógra?

Ní mór duit an méid seo a leanas a shonrú:

— cineál agus uimhir aitheantais an táirge; agus

— imthosca na tionóisce, más eol iad (mar shampla, aois íospartach na tionóisce más ábhartha, chomh maith leis an gcaoi a raibh an táirge á úsáid nuair a tharla an tionóisc).

([21]) Na ceanglais inrochtaineachta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2019/882 (Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70–115)), tá siad éigeantach agus tá siad le cur chun feidhme chun an úsáid intuartha a bhainfidh daoine faoi mhíchumas as do tháirgí a léiriú.

Seicliosta don mhonaróir

✓ **Sábháilteacht trí dhearadh**: déan measúnú riosca cuí ar an táirge agus é á dhearadh agus deireadh a chur le gach riosca sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann nó iad a mhaolú.

✓ **Smaoinigh ar chaighdeáin Eorpacha a úsáid**, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcás inarb ann dóibh. Éascaíonn siad do chomhlíonadh.

✓ **Tarraing suas doiciméadacht theicniúil** do do tháirge chun súil a choinneáil ar do mheasúnú riosca inmheánach agus é a choimeád ar feadh 10 mbliana.

✓ **Déan cinnte de go ngreamaíonn tú an fhaisnéis is gá de do tháirge nó dá phacáistíocht**: sonraigh mionsonraí aitheantais an táirge, do shonraí aitheantais agus teagmhála, treoracha agus faisnéis sábháilteachta más gá.

✓ **Áirithigh go bhfuil duine atá freagrach as do tháirge san Aontas** agus go bhfuil a shonraí teagmhála agus faisnéis eile is gá a léirítear ar an táirge nó ar a phacáistíocht, ar an mbeartán nó ar an doiciméad a ghabhann leis.

✓ **Taispeáin an fhaisnéis riachtanach faoin táirge i dtairiscintí ciandíolacháin:**

— mionsonraí aitheantais an táirge agus a phictiúr,

— do shonraí aitheantais agus teagmhála,

— sonraí aitheantais agus teagmhála an duine atá freagrach as an táirge san Aontas mura bhfuil tú bunaithe san Aontas Eorpach mar mhonaróir,

— treoracha agus faisnéis sábháilteachta más gá.

✓ Má tá **scéim clárúcháin nó clár dílseachta do chustaiméirí** i bhfeidhm agat, ní mór duit an deis a thairiscint do thomhaltóirí clárú chun críocha a bhaineann le sábháilteacht amháin.

✓ Cuir **próisis inmheánacha ar bun le haghaidh sábháilteacht táirgí.**

✓ **Má thagann saincheist maidir le sábháilteacht táirgí chun cinn:**

— **Déan bearta ceartaitheacha (i gcás aisghairmeacha, úsáid an teimpléad le haghaidh an fhógra aisghairme agus soláthair leigheasanna)**

— **Cuir tomhaltóirí ar an eolas**

— **Cuir na húdaráis náisiúnta ar an eolas tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht**

— **Cuir gnólachtaí eile sa slabhra soláthair ar an eolas**

✓ Bíodh **bealach díreach agat le haghaidh gearáin ó thomhaltóirí** maidir le sábháilteacht táirgí agus déan imscrúdú ar na gearáin sin: féadann sé sin faisnéis luachmhar a thabhairt duit faoi shábháilteacht do tháirge. Smaoinigh ar fhormáidí inrochtana.

✓ **Coimeád clár inmheánach** de ghearáin ó thomhaltóirí, d'aisghairmeacha táirgí agus de bhearta ceartaitheacha a rinneadh.

✓ **Tuairiscigh tionóiscí a bhaineann le táirgí** a dtagann tú ar an eolas fúthu tríd an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.**

✓ **Comhoibrigh le húdaráis um fhaireachas margaidh** arna iarraidh sin.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.1.1. maidir le hoibleagáidí an mhonaróra.

3.1.2. **Is ionadaí údaraithe mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT?**

Cé is ionadaí údaraithe ann?

In RSGT sainmhínítear ionadaí údaraithe mar *aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ón monaróir chun gníomhú thar ceann an mhonaróra sin i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an mhonaróra faoi RSGT.*

Is éard is ionadaí údaraithe ann duine a ghníomhaíonn thar ceann monaróra. Ní mór sainordú nó cumhacht aturnae i scríbhinn ón monaróir a bheith ag an ionadaí údaraithe (ar a dtugtar gníomhaire nó gníomhaireacht uaireanta) ([22]). Leagtar amach sa sainordú sin na cúraimí atá le déanamh ag an ionadaí údaraithe.

Ní hamháin gur cheart an inniúlacht fhoirmiúil a bheith ag ionadaí údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an monaróir ach ba cheart an acmhainneacht phraiticiúil agus riaracháin a bheith aige freisin chun a oibleagáidí a bhainistiú go héifeachtúil mar a shonraítear sa sainordú ón monaróir, chomh maith lena oibleagáidí féin faoi RSGT. Is dócha gur cheart go mbeadh eolas leordhóthanach ag ionadaí údaraithe ar an teanga/na teangacha is gá chun cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh, seachas an t-eolas dlíthiúil agus fíriciúil is gá.

Sa sainordú, iarrann an monaróir ort na príomhchúraimí seo a leanas ar a laghad a dhéanamh chun iad a sholáthar de réir RSGT, ach d'fhéadfadh sainordú, ar ndóigh, raon níos leithne cúraimí a chumhdach de réir do shaoirse ghinearálta conartha:

— an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a sholáthar d'údaráis um fhaireachas margaidh chun sábháilteacht táirge a chumhdaítear le do shainordú a léiriú i dteanga oifigiúil is féidir leis na húdaráis ábhartha a thuiscint.

— má tá cúis lena chreidiúint nó le bheith amhrasach go bhfuil táirge faoi do shainordú contúirteach, an monaróir a chur ar an eolas faoi sin;

— fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla trí fhógra a thabhairt don Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach cuid 3.4.3) faoi aon ghníomhaíocht a rinneadh chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirge/táirgí a chumhdaítear leis an sainordú, mura rud é gur sholáthair an monaróir faisnéis faoi na rioscaí sin cheana féin; agus

— comhoibriú leis na húdaráis náisiúnta inniúla arna iarraidh sin dóibh maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirgí a chumhdaítear leis an sainordú.

Arna iarraidh sin, ní mór duit cóip den sainordú sin a sholáthar do na húdaráis um fhaireachas margaidh.

Próisis inmheánacha: ba cheart próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí a bheith i bhfeidhm agat a chuireann é ar do chumas do chuid oibleagáidí faoi RSGT a chomhlíonadh (e.g. rialuithe cáilíochta, láimhseáil gearán, eolas ar reachtaíocht an Aontais trí oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le sábháilteacht táirgí agus conairí foghlama maidir le sábháilteacht táirgí a thabhairt isteach).

Ba cheart duit **comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis um fhaireachas margaidh** maidir le gnéithe sábháilteachta táirgí (mar a mhínítear i bpointe 3.4.5.).

Tá sé tábhachtach freisin a chur i dtábhacht go láidir gur féidir leis an monaróir tú a ainmniú freisin chun cúraimí an **duine atá freagrach** as an táirge a dhéanamh. Sa chás sin, beidh tú faoi réir oibleagáidí breise an duine atá freagrach mar a mhínítear i bpointe 3.2.

([22]) Féach tuilleadh tásc maidir leis an sainordú maidir leis an Treoirleabhar Gorm um chur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le táirgí 2022 (IO C 247, 29.6.2022, lgh. 1–152).

Seicliosta don ionadaí údaraithe

✓ **Déan cinnte go bhfuil sainordú i scríbhinn agat** ón monaróir ina sonraítear na cúraimí a iarrtar ort a dhéanamh.

✓ **Déan cinnte go bhfuil an cumas agat na cúraimí faoin sainordú a dhéanamh** chomh maith le do chúraimí eile.

✓ **Tabharfar sainordú duit le haghaidh na nithe seo a leanas ar a laghad:**

— Faisnéis agus doiciméadacht a sholáthar do na húdaráis

— An monaróir a chur ar an eolas i gcás amhrais go bhfuil a tháirge contúirteach

— Fógra a thabhairt d'údaráis náisiúnta faoi bhearta ceartaitheacha a rinneadh in aghaidh táirgí contúirteacha, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, mura bhfuil sé sin déanta ag an monaróir

— Comhoibriú leis na húdaráis náisiúnta arna iarraidh sin maidir le gníomhaíocht in aghaidh táirgí contúirteacha.

✓ **Tabhair cóip de do shainordú** arna iarraidh sin do na húdaráis um fhaireachas margaidh.

✓ Cuir **próisis inmheánacha ar bun le haghaidh sábháilteacht táirgí.**

✓ **Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis náisiúnta.**

✓ **Seiceáil an n-iarrtar ort cúraimí an duine atá freagrach san Aontas a dhéanamh**, más amhlaidh go n-iarrtar ort cúraimí breise a dhéanamh (féach cuid 3.2).

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.1.2. maidir le hoibleagáidí an ionadaí údaraithe.

3.1.3. **Is allmhaireoir mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT?**

Cé is allmhaireoir ann?

In RSGT, sainmhínítear allmhaireoir' mar *aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais*.

Bíonn an t-allmhaireoir bunaithe san Aontas i gcónaí.

Cad atá le déanamh sula gcuirfear táirge ar an margadh?

Is é an oibleagáid fhoriomlán atá ort a áirithiú go gcomhlíonann an táirge an ceanglas ginearálta sábháilteachta agus gur chomhlíon an monaróir na ceanglais maidir leis an méid seo a leanas:

— Anailís riosca inmheánach agus doiciméadacht theicniúil (féach pointe 3.1.1)

— Faisnéis atá le léiriú ar an táirge (féach pointe 3.1.1)

Cén fhaisnéis is gá dom a shonrú ar an táirge/leis an táirge i dteannta na faisnéise a sholáthraíonn an monaróir?

— D'ainm, do thrádainm cláraithe nó do thrádmharc cláraithe,

— Do sheoladh poist agus leictreonach agus, i gcás go bhfuil difríocht eatarthu, seoladh poist nó seoladh leictreonach an phointe teagmhála aonair ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leat.

Conas ba chóir an fhaisnéis atá liostaithe thuas a thaispeáint?

Caithfidh tú a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí an fhaisnéis sin a fheiceáil agus a léamh go héasca. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge. Tá an cinneadh maidir leis an áit ar cheart an fhaisnéis sin a thaispeáint ag brath ar do mheasúnú laistigh den chreat a soláthraíodh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeifeá in ann freisin údar maith a thabhairt i gcás díospóide. Ní fhéadfadh ach méid an táirge (agus dá bhrí sin, ní cúiseanna aeistéitiúla nó comhchosúla, mar shampla) údar maith a thabhairt le roinnt faisnéise a éilítear a aistriú ón táirge chuig a phacáistíocht nó chuig doiciméid eile a ghabhann leis. ([23])

Ní mór duit a áirithiú nach mbeidh aon fhaisnéis a cheanglaítear le dlí an Aontais a sholáthraíonn an monaróir faoi cheilt ag aon lipéad breise atá le greamú ar an táirge nó ar an bpacáistíocht.

Cad is brí le 'seoladh leictreonach'?

Is féidir le seoladh leictreonach a bheith ina sheoladh ríomhphoist nó ina roinn thiomnaithe ar do shuíomh gréasáin a chuireann é ar a gcumas do thomhaltóirí teagmháil dhíreach a dhéanamh leat. Ní leordhóthanach suíomh gréasáin ann féin mura gceadaíonn sé cumarsáid dhíreach leat.

Cad iad na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta nach mór a sholáthar leis an táirge?

Ní mór duit a áirithiú go bhfuil treoracha soiléire agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an táirge a allmhairíonn tú.

Cén teanga/cé na teangacha inar gá dom an fhaisnéis sin a sholáthar?

Ní mór duit a áirithiú go bhfuil na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta sin i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint go héasca. Is é an Ballstát ina gcuireann tú an táirge ar an margadh a chinneann é sin.

An bhfuil an fhaisnéis seo sainordaitheach i ngach cás?

Níl, más féidir an táirge a úsáid go sábháilte agus mar a bhí beartaithe agat gan na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta sin, níl siad sainordaitheach. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás táirgí lena mbaineann rioscaí a bhfuil eolas maith ag tomhaltóirí fúthu (e.g. sceana).

Cad iad na hoibleagáidí atá orm má thairgim táirge trí chiandíolacháin?

Má chinneann tú táirgí a chur ar fáil ar an margadh ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíolacháin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a léiriú go soiléir agus go feiceálach i dtairiscint na dtáirgí sin (e.g., tairiscint táirge ar do r-shiopa):

(a) Ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon leis an seoladh poist agus an seoladh leictreonach inar féidir teagmháil a dhéanamh leis;

(b) Mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach an duine atá freagrach de réir bhrí Airteagal 16(1) den Rialachán seo nó Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020;

(c) Faisnéis lenar féidir an táirge a shainaithint, lena n-áirítear pictiúr de, a chineál agus aon aitheantóir táirge eile; agus

(d) Aon rabhadh nó faisnéis sábháilteachta atá le greamú ar an táirge nó ar an bpacáistíocht nó atá le háireamh i ndoiciméad a ghabhann leis i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú is infheidhme i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint go héasca, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh.

Cad iad na hoibleagáidí atá orm má tá clár dílseachta do chustaiméirí i bhfeidhm agam?

Leagtar amach in RSGT oibleagáidí nua má tá **clár dílseachta custaiméara** agat (nó má tá sé beartaithe agat é a bheith agat) a fhágann gur féidir táirgí a cheannaíonn tomhaltóirí a shainaithint (e.g. tá cárta dílseachta ag custaiméirí a dhéantar a scanadh nuair a cheannaíonn siad táirgí, agus tá stair a gceannachán ar fáil don ghnó a chuir an clár dílseachta ar bun). Ní áirítear leis sin cláir dhílseachta do chustaiméirí nach féidir táirgí a cheannaíonn tomhaltóirí a shainaithint leo (mar shampla, cártaí dílseachta trínar féidir le custaiméirí roinnt tairbhí a fháil le haghaidh méid áirithe a ceannaíodh, ach nach bhfuil aon sonraí cláraithe ina leith maidir leis na táirgí a cheannaigh an custaiméir)

([23]) Leantar cur chuige comhchosúil freisin sna treoirlínte sa Treoirleabhar Gorm maidir le cur chun feidhme na rialacha maidir le táirgí (IO C 247, 29.6.2022, lgh. 1–152).

Is bealach éifeachtúil é sin chun custaiméirí a shainaithint a ndéanann aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhadh sábháilteachta difear dóibh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go roghnódh custaiméirí gan córais den sórt sin a úsáid toisc nach bhfuil suim acu sna tairbhí eile a thairgtear leis an gclár dílseachta do chustaiméirí agus d'fhéadfadh sé go háirithe nár mhaith leo go rachfaí i dteagmháil leo chun críoch margaíochta.

Faoi RSGT, má tá clár dílseachta do chustaiméirí i bhfeidhm agat, ní mór duit an deis a thabhairt do thomhaltóirí rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh sa chlár dílseachta do chustaiméirí chun críocha a bhaineann le sábháilteacht amháin.

Ciallaíonn sé sin gur cheart an rogha a bheith ag custaiméirí a sonraí teagmhála a sholáthar chun faisnéis sábháilteachta, agus faisnéis sábháilteachta amháin, a fháil (e.g., aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhaidh sábháilteachta). Sa chás sin, níor cheart a gcuid sonraí a úsáid ach amháin chun teagmháil a dhéanamh leo i gcás aisghairme nó rabhadh sábháilteachta agus níor cheart iad a phróiseáil chun aon chríche eile (amhail margaíocht).

Cad iad na hoibleagáidí atá orm maidir le stóráil agus iompar táirgí?

Nuair atá táirge faoi do chúram, ní mór duit a áirithiú go bhfuil na coinníollacha stórála nó iompair mar a leanas:

— ní fhágann siad go bhfuil sé contúirteach (e.g., más gá an táirge a choimeád ag teocht áirithe chun fanacht sábháilte); agus

— ní dhéanann siad difear do na marcálacha a cheanglaítear ar an táirge (féach pointe 3.1.1).

Cad iad na hoibleagáidí atá orm maidir leis an doiciméadacht theicniúil?

Ní mór duit cóip den doiciméadacht theicniúil arna tarraingt suas ag an monaróir (dá dtagraítear i bpointe 3.1.1), lena n-áirítear gach doiciméad gaolmhar, i gcás inarb ábhartha, a choimeád ar feadh 10 mbliana tar éis duit an táirge a chur ar an margadh.

Ní mór duit a bheith in ann an doiciméadacht sin a sholáthar do na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.

Oibleagáidí breise an allmhaireora

Tá sé tábhachtach freisin an pointe a chur i dtábhacht gur féidir leat a bheith i **do dhuine atá freagrach den táirge** freisin, mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas. Sa chás sin, beidh tú faoi réir oibleagáidí breise mar a mhínítear i bpointe 3.2.

Próisis inmheánacha: ba cheart próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí a bheith i bhfeidhm agat a chuireann é ar do chumas do chuid oibleagáidí faoi RSGT a chomhlíonadh (e.g. rialuithe cáilíochta, láimhseáil gearán, eolas ar reachtaíocht an Aontais trí oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le sábháilteacht táirgí agus conairí foghlama maidir le sábháilteacht táirgí a thabhairt isteach).

Ba cheart duit **comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis um fhaireachas margaidh** maidir le gnéithe sábháilteachta táirgí mar a mhínítear i bpointe 3.4.5.

Cad ba cheart dom a dhéanamh má thagann fadhb chun cinn le táirge sula gcuirtear ar an margadh é?

Níor cheart duit táirge a chur ar an margadh sula dtabharfar chun comhréireachta é má mheasann tú nó má tá cúis agat a chreidiúint go bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bheith fíor:

— tá táirge contúirteach (mar shampla mar gheall ar thionóisc a thuairiscigh tomhaltóir nó gníomhaí sa slabhra soláthair);

— ní chomhlíonann táirge na hoibleagáidí maidir le hanailís riosca inmheánach agus doiciméadacht theicniúil (féach pointe 3.1.1);

— ní chomhlíonann táirge na hoibleagáidí maidir leis an bhfaisnéis atá le léiriú ar an táirge (féach pointe 3.1.1).

D'fhéadfadh sé go gciallódh an táirge a thabhairt chun comhréireachta, mar shampla, an fhaisnéis a bhí in easnamh ar an táirge a chur leis.

Má tá an táirge contúirteach, ní mór duit an méid seo a leanas a dhéanamh láithreach:

— an monaróir a chur ar an eolas faoi sin;

— a áirithiú go gcuirfear na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoin táirge contúirteach sin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach pointe 3.4.3).

Cad ba cheart dom a dhéanamh má thagann fadhb sábháilteachta chun cinn le táirge tar éis é a chur ar an margadh?

Má mheasann tú nó má tá cúis agat a chreidiúint go bhfuil táirge a chuir tú ar an margadh contúirteach (mar shampla, mar gheall ar thionóisc a thuairiscigh tomhaltóir nó gníomhaí sa slabhra soláthair), ní mór duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh láithreach:

A) **Cuir an monaróir ar an eolas faoin tsaincheist sábháilteachta.**

Tá an tarchur faisnéise sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sábháilteachta go tapa;

B) **Áirithigh go bhfuil na bearta ceartaitheacha is gá déanta ag an monaróir chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta go héifeachtach.**

Mura bhfuil na bearta sin déanta cheana féin ag an monaróir, ní mór duit iad a ghlacadh láithreach.

Samplaí de bhearta ceartaitheacha is féidir leat a dhéanamh:

— An táirge a aisghairm ó úsáideoirí deiridh (féach forálacha a bhaineann le faisnéis maidir le haisghairmeacha, fógraí aisghairme agus leigheasanna i gcás aisghairme i bpointe 3.4.1);

— An táirge a tharraingt siar ón margadh;

— An táirge a dhíothú;

— Deireadh a chur le díolacháin;

— An táirge a mharcáil le rabhaidh iomchuí maidir leis na rioscaí; nó

— Rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí faoi na rioscaí.

Ba cheart duit faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a ghlacann tú agus iad a oiriúnú más gá. B'fhéidir go mbeidh ort roinnt beart a dhéanamh go comhuaineach.

C) **Áirithigh go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas faoin táirge contúirteach/faoi na táirgí contúirteacha.**

Mura bhfuil tomhaltóirí curtha ar an eolas ag an monaróir go fóill, ní mór duit é sin a dhéanamh tú féin.

Conas ba cheart dom tomhaltóirí a chur ar an eolas?

Is féidir leat an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid chun foláireamh a thabhairt d'údaráis agus do thomhaltóirí an tráth céanna (ach d'fhéadfadh an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith éagsúil i dtéarmaí mionsonraí agus teicniúlachta). Faisnéis a chuirtear isteach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht agus atá beartaithe don phobal, cuirfear ar fáil do thomhaltóirí í ar an Tairseach Safety Gate.

Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht agus rabhaidh sábháilteachta:

Mura bhfuil sé sin déanta ag an monaróir cheana féin, ní mór duit féin tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó faoi rabhaidh sábháilteachta, chun úsáid shábháilte táirge a áirithiú (féach na forálacha sonracha i bpointe 3.4.1)

D) **Cuir údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar cuireadh an táirge ar fáil ar an margadh ar an eolas.**

Conas ba cheart dom údaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas?

Ní mór duit an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid chun foláireamh a thabhairt d'údaráis um fhaireachas margaidh. Cuireann an uirlis sin é ar do chumas na Ballstáit uile inar cuireadh an táirge contúirteach ar fáil a roghnú agus na húdaráis a chur ar an eolas láithreach.

Cén cineál faisnéise is gá dom a chur in iúl do thomhaltóirí agus d'údaráis?

Ní mór duit mionsonraí a thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

1) an riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí: tuairisc a thabhairt ar bhealach soiléir agus intuigthe ar cad is féidir tarlú leis an táirge;

2) aon bheart ceartaitheach a rinneadh cheana; agus

3) má tá sí ar fáil, cainníocht na dtáirgí atá fós i gcúrsaíocht ar an margadh, de réir Ballstáit.

Cad iad na hoibleagáidí atá orm maidir le gearáin agus tionóiscí?

A) **A áirithiú go bhfuil bealach ann le haghaidh gearáin ó thomhaltóirí**

Ní mór duit a fhíorú gur sholáthair an monaróir bealach cumarsáide do thomhaltóirí (e.g., uimhir theileafóin, seoladh leictreonach nó roinn thiomnaithe ar shuíomh gréasáin) a chuireann é ar a gcumas do thomhaltóirí gearáin a chur isteach agus an monaróir a chur ar an eolas faoi aon tionóisc nó aon fhadhb sábháilteachta a bhí acu le táirge.

In éagmais bealaí den sórt sin, ní mór duit ceann a sholáthar do thomhaltóirí.

Ba cheart riachtanais inrochtaineachta daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh sna bealaí sin. Mar shampla, níor cheart duit an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar in íomhá nach féidir le meaisín téacs go caint a léamh ([24]).

B) **Gearáin a imscrúdú agus gníomhaithe eile sa slabhra soláthair a choinneáil ar an eolas**

Má fhaigheann tú gearán ó thomhaltóir nó faisnéis faoi thionóisc a bhaineann le sábháilteacht táirge, ní mór duit é a imscrúdú. Má dhealraíonn sé go bhfuil údar leis, ba cheart duit beart ceartaitheach a ghlacadh.

Ní mór duit an monaróir, na dáileoirí agus, i gcás inarb ábhartha, na soláthraithe seirbhíse próiseála orduithe agus soláthraithe na margaí ar líne a chur ar an eolas go tráthúil faoin imscrúdú a rinne tú agus faoi thorthaí an imscrúdaithe.

I gcás gach táirge, ní mór duit clár inmheánach a choimeád de na nithe seo a leanas:

a) gearáin ó thomhaltóirí;

b) aisghairmeacha táirgí; agus

c) aon bheart ceartaitheach a rinneadh chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta.

Sa chlár inmheánach gearán sin, níor cheart duit ach na sonraí pearsanta a theastaíonn uait a stóráil chun gearán a imscrúdú.

Níor cheart sonraí den sórt sin a choimeád ach chomh fada agus is gá chun críocha an imscrúdaithe. In aon chás, ba cheart duit sonraí pearsanta (e.g. ainm agus seoladh an tomhaltóra) a scriosadh den chlár 5 bliana tar éis na sonraí a iontráil ann.

C) **An monaróir a choinneáil ar an eolas faoi aon tionóisc arb é táirge is cúis léi agus a áirithiú go dtabharfar fógra do na húdaráis inniúla**

Má tá tú **ar an eolas faoi thionóisc arb é is cúis léi táirge** a chuir tú ar fáil ar an margadh, ba cheart duit an monaróir a chur ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí. Féadfaidh an monaróir treoir a thabhairt duit fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla.

Má tá eolas agat ar thionóisc agus mura bhfuil monaróir an táirge bunaithe san Aontas, ba cheart duit an duine atá freagrach as an táirge san Aontas a chur ar an eolas. Ní mór don duine sin atá freagrach a áirithiú go gcuirfear an tionóisc in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit inar tharla an tionóisc.

Cad is tionóisc ann a bhaineann le sábháilteacht táirgí?

Tagraíonn tionóiscí nach mór fógra a thabhairt ina leith do tharluithe a bhaineann le húsáid táirge as ar eascair bás duine aonair nó a raibh éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha acu ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine sin. Is féidir leis na héifeachtaí sin a bheith buan nó sealadach, agus d'fhéadfadh gortuithe, damáiste eile don chorp, tinnis agus éifeachtaí sláinte ainsealacha a bheith san áireamh.

([24]) Na ceanglais inrochtaineachta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2019/882 (Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70–115)), tá siad éigeantach agus tá siad le cur chun feidhme chun an úsáid intuartha a bhainfidh daoine faoi mhíchumas as do tháirgí a léiriú.

Cén uirlis is gá dom a úsáid chun fógra a thabhairt faoin tionóisc?

Ní mór duit an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid (féach pointe 3.4.3).

Cén cineál faisnéise is gá dom a áireamh san fhógra?

Ní mór duit an méid seo a leanas a shonrú:

— cineál agus uimhir aitheantais an táirge; agus

— imthosca na tionóisce, más eol.

Seicliosta don allmhaireoir

Sula gcuirtear an táirge ar an margadh:

✓ **Áirithigh go bhfuil an táirge sábháilte.**

✓ **Áirithigh go ndearna an monaróir an measúnú riosca agus go ndearna sé an doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas. Coimeád an doiciméadacht theicniúil sin ar feadh 10 mbliana** agus soláthair do na húdaráis í arna iarraidh sin dóibh.

✓ **Áirithigh go ndéanfar** sonraí aitheantais an táirge, sonraí aitheantais agus sonraí teagmhála an mhonaróra, a **ghreamú i gceart den táirge nó dá phacáistíocht,** agus go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an táirge más gá.

✓ **Cuir isteach do shonraí aitheantais agus teagmhála ar an táirge/leis an táirge.** Áirithigh nach ndéanann an fhaisnéis seo **aon fhaisnéis shainordaitheach eile a cheilt.**

✓ **Áirithigh go bhfuil duine atá freagrach as an tháirge san Aontas** agus a shonraí teagmhála agus faisnéis eile is gá a léirítear ar an táirge nó ar a phacáistíocht nó ar an doiciméad a ghabhann leis. Is féidir leatsa a bheith ann!

✓ Cuir **próisis inmheánacha ar bun le haghaidh sábháilteacht táirgí.**

✓ **Áirithigh nach ndéanfaidh stóráil ná iompar difear do shábháilteacht táirgí ná dá lipéadú.**

✓ **Ná cuir táirge neamhchomhréireach ná contúirteach ar an margadh!** I gcás aon neamh-chomhréireachta, **cuir an monaróir agus na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas**.

Tar éis an táirge a chur ar an margadh:

✓ **Má thagann saincheist maidir le sábháilteacht táirgí chun cinn:**

— **Cuir an monaróir ar an eolas**

— **Áirithigh go bhfuil bearta ceartaitheacha déanta ag an monaróir** (i gcás aisghairmeacha, gur úsáid sé an teimpléad le haghaidh an fhógra aisghairme agus gur sholáthair sé leigheasanna). **Mura bhfuil, ní mór duit iad a dhéanamh láithreach.**

— **Áirithigh gur chuir an monaróir tomhaltóirí ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha. Murar chuir, ní mór duit é sin a dhéanamh.**

— **Cuir na húdaráis náisiúnta ar an eolas tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.**

✓ Áirithigh go bhfuil **bealach díreach ag an monaróir le haghaidh gearáin ó thomhaltóirí** maidir le sábháilteacht táirge. Mura bhfuil, ní mór duit é a sholáthar. Smaoinigh ar fhormáidí inrochtana.

✓ **Imscrúdú a dhéanamh ar aon ghearáin** agus **gníomhaithe eile sa slabhra soláthair a choinneáil ar an eolas.**

✓ **Coimeád clár inmheánach** de ghearáin ó thomhaltóirí, d'aisghairmeacha táirgí agus de bhearta ceartaitheacha a rinneadh.

✓ **Tuairiscigh tionóiscí a bhaineann le táirgí** a dtagann tú ar an eolas fúthu, **don mhonaróir agus don duine atá freagrach as an táirge san Aontas**. Is féidir leis an monaróir treoir a thabhairt duit fógra a thabhairt do na húdaráis tríd an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.**

✓ **Comhoibrigh le húdaráis um fhaireachas margaidh** arna iarraidh sin.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.1.3. maidir le hoibleagáidí an allmhaireora.

3.1.4. **Is dáileoir mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT?**

Cé is dáileoir ann?

In RSGT, sainmhínítear dáileoir mar *aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, ar duine é a chuireann táirge ar fáil ar an margadh*.

Ciallaíonn cur ar fáil ar an margadh *táirge a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce*.

Mar shampla, is féidir le dáileoir a bheith ina ghnólacht a chuireann táirge monaróra ar fáil ar an margadh ar a bhfuil pacáistíocht aistrithe le haghaidh tír shonrach de chuid an Aontais, fad is a dhíoltar é fós faoi ainm nó trádmharc an mhonaróra.

Sula gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh:

1. Ba cheart duit **a fhíorú ar chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir (i gcás inarb infheidhme) na ceanglais seo a leanas maidir leis an táirge atá beartaithe agat a dháileadh:**

   a) Go léirítear ar na táirgí uimhir chineáil, baiscuimhir nó uimhir sraithe nó eilimint eile lenar féidir an táirge a shainaithint atá sofheicthe agus soléite do thomhaltóirí, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh de bharr mhéid nó chineál an táirge, go soláthraítear an fhaisnéis is gá ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

   b) Go bhfuil a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe, a sheoladh poist agus a sheoladh leictreonach agus, i gcás go bhfuil difríocht eatarthu, seoladh poist nó seoladh leictreonach an phointe teagmhála aonair inar féidir dul i dteagmháil leis sonraithe ag an monaróir. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

   c) Go bhfuil treoracha soiléire agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an táirge i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh. Níl gá leis sin más féidir an táirge a úsáid go sábháilte agus de réir mar a bhí beartaithe ag an monaróir gan treoracha den sórt sin ná faisnéis sábháilteachta den sórt sin.

   d) Má tá baint ag allmhaireoir leis an slabhra soláthair, gur shonraigh an t-allmhaireoir a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe, a sheoladh poist agus a sheoladh leictreonach agus, i gcás go bhfuil difríocht eatarthu, seoladh poist nó seoladh leictreonach an phointe teagmhála aonair inar féidir dul i dteagmháil leis. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

   e) Nach bhfuil aon lipéad breise ann lena ndéantar aon fhaisnéis a cheanglaítear le dlí an Aontais a cheilt ar an lipéad a sholáthraíonn an monaróir nó an t-allmhaireoir.

2. Ba cheart duit a áirithiú, fad atá táirge faoi do fhreagracht, **nach gcuireann dálaí stórála ná iompair a chomhréireacht leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 RSGT i mbaol.**

   ⇨ Má mheasann tú nó má tá cúis agat a chreidiúint, ar bhonn na faisnéise atá i do sheilbh, **go bhfuil táirge contúirteach nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais i bpointe 1 thuas, níor cheart duit an táirge a chur ar fáil ar an margadh** mura rud é gur tugadh an táirge chun comhréireachta.

3. **Próisis inmheánacha**: ba cheart próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí a bheith i bhfeidhm agat a chuireann é ar do chumas do chuid oibleagáidí faoi RSGT a chomhlíonadh (e.g. rialuithe cáilíochta, láimhseáil gearán, eolas ar reachtaíocht an Aontais trí oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le sábháilteacht táirgí agus conairí foghlama maidir le sábháilteacht táirgí a thabhairt isteach).

Cad ba cheart duit a dhéanamh má thairgeann tú táirge trí chiandíolacháin?

Má chinneann tú táirgí a chur ar fáil ar an margadh ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíolacháin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a léiriú go soiléir agus go feiceálach i dtairiscint na dtáirgí sin (e.g., tairiscint táirge i do r-shiopa):

(a) Ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon leis an seoladh poist agus an seoladh leictreonach inar féidir teagmháil a dhéanamh leis;

(b) Mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach an duine atá freagrach de réir bhrí Airteagal 16(1) den Rialachán seo nó Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020;

(c) Faisnéis lenar féidir an táirge a shainaithint, lena n-áirítear pictiúr de, a chineál agus aon aitheantóir táirge eile; agus

(d) Aon rabhadh nó faisnéis sábháilteachta atá le greamú ar an táirge nó ar an bpacáistíocht nó atá le háireamh i ndoiciméad a ghabhann leis i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú is infheidhme i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint go héasca, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh.

Tar éis an táirge a chur ar fáil ar an margadh:

Ba cheart duit **comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis um fhaireachas margaidh** maidir le gnéithe sábháilteachta táirgí mar a mhínítear i bpointe 3.4.5.

Má mheasann tú nó má tá cúis agat a chreidiúint, ar bhonn na faisnéise atá i do sheilbh, **go bhfuil táirge a chuir tú ar fáil ar an margadh contúirteach nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais i bpointe 1 thuas**, ní mór duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh láithreach:

A) **Cuir an monaróir nó an t-allmhaireoir, de réir mar is infheidhme, ar an eolas faoi sin.**

Tá an tarchur faisnéise sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt go tapa ar shaincheist na sábháilteachta nó an neamhchomhlíonta.

B) **Áirithigh go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta go héifeachtach**, lena n-áirítear é a tharraingt siar nó a aisghairm, más iomchuí. Má thionscnaíonn tú aisghairm, féach pointe 3.4.1; agus

C) **Áirithigh go gcuirtear údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar cuireadh an táirge ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach** faoi sin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

Conas ba cheart dom údaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas?

Ní mór duit an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid. Cuireann an uirlis sin é ar do chumas na Ballstáit uile inar cuireadh an táirge contúirteach ar fáil a roghnú agus na húdaráis a chur ar an eolas láithreach agus go comhuaineach.

Cén cineál faisnéise is gá dom a chur in iúl do na húdaráis?

Chun críocha phointe B) agus phointe C), ba cheart duit na mionsonraí iomchuí a thabhairt atá ar fáil duit maidir leis na nithe seo a leanas:

1) an riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí trí thuairisc a thabhairt ar bhealach soiléir agus intuigthe ar cad is féidir tarlú leis an táirge;

2) aon bheart ceartaitheach a rinneadh cheana; agus

3) má tá sí ar fáil, cainníocht na dtáirgí atá fós i gcúrsaíocht ar an margadh, de réir Ballstáit.

D) **Coinnigh an monaróir ar an eolas faoi aon tionóisc arb é táirge is cúis léi agus áirithigh go dtabharfar fógra do na húdaráis inniúla**

Má tá tú **ar an eolas faoi thionóisc arb é is cúis léi táirge** a chuir tú ar fáil ar an margadh, ba cheart duit an monaróir a chur ar an eolas gan moill mhíchuí. Féadfaidh an monaróir treoir a thabhairt duit fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla.

Má tá eolas agat ar thionóisc agus mura bhfuil monaróir an táirge bunaithe san Aontas, ba cheart duit an duine atá freagrach as an táirge san Aontas a chur ar an eolas. Ní mór don duine sin atá freagrach a áirithiú go dtabharfar fógra faoin tionóisc sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit inar tharla an tionóisc.

Cad is tionóisc ann a bhaineann le sábháilteacht táirgí?

Tionóiscí nach mór fógra a thabhairt ina leith, baineann siad le tarluithe a bhaineann le húsáid táirge as ar eascair bás duine aonair nó a raibh éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha acu ar shláinte agus ar shábháilteacht duine aonair. Is féidir leis na héifeachtaí sin a bheith buan nó sealadach. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin gortuithe, damáiste eile don chorp, tinnis agus éifeachtaí sláinte ainsealacha.

Cén uirlis is gá dom a úsáid chun fógra a thabhairt faoin tionóisc?

Ní mór duit an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid (féach pointe 3.4.3).

Cén cineál faisnéise is gá dom a áireamh san fhógra?

Ní mór duit an méid seo a leanas a shonrú:

— cineál agus uimhir aitheantais an táirge; agus

— imthosca na tionóisce, más eol.

Seicliosta don dáileoir

Sula gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh:

✓ **A fhíorú go ndéanfar** sonraí aitheantais an táirge, sonraí aitheantais agus sonraí teagmhála an mhonaróra agus an allmhaireora a ghreamú i gceart den táirge nó dá phacáistíocht, agus go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an táirge más gá.

✓ Deimhnigh nach ndéanann aon **lipéad aon fhaisnéis shainordaitheach eile a cheilt.**

✓ **Áirithigh nach ndéanfaidh stóráil ná iompar difear do shábháilteacht táirgí ná dá lipéadú.**

✓ Cuir **próisis inmheánacha ar bun le haghaidh sábháilteacht táirgí.**

✓ **Taispeáin an fhaisnéis riachtanach faoin táirge i dtairiscintí ciandíolacháin:**

— mionsonraí aitheantais an táirge agus a phictiúr,

— sonraí aitheantais agus teagmhála an mhonaróra,

— sonraí aitheantais agus teagmhála an duine atá freagrach as an táirge san Aontas,

— treoracha agus faisnéis sábháilteachta más gá.

✓ Má tá **scéim clárúcháin nó clár dílseachta do chustaiméirí** i bhfeidhm agat, ní mór duit an deis a thairiscint do thomhaltóirí clárú chun críocha a bhaineann le sábháilteacht amháin.

✓ **Ná cuir táirge neamhchomhréireach ná contúirteach ar fáil ar an margadh!** I gcás aon neamhchomhlíonta, **cuir an monaróir agus na húdaráis ar an eolas**.

Tar éis an táirge a chur ar fáil ar an margadh:

✓ **Má tá táirge a chuir tú ar fáil contúirteach nó neamhchomhlíontach:**

— **Cuir an monaróir nó an t-allmhaireoir ar an eolas**

— **Áirithigh go ndearna an monaróir nó an t-allmhaireoir na bearta ceartaitheacha is gá** (i gcás aisghairmeacha, áirithigh gur úsáid siad an teimpléad le haghaidh an fhógra aisghairme agus gur sholáthair siad leigheasanna).

— **Áirithigh go gcuirfear na húdaráis náisiúnta ar an eolas láithreach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.** Murar chuir an monaróir nó an t-allmhaireoir ar an eolas iad, déan é sin.

— **Ní mór don mhonaróir agus don allmhaireoir tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha**. Bí comhoibritheach agus réamhghníomhach i scaipeadh na faisnéise.

✓ **Tuairiscigh tionóiscí a bhaineann le táirgí** a dtagann tú ar an eolas fúthu **don mhonaróir agus don duine atá freagrach as an táirge san Aontas**. Is féidir leis an monaróir treoir a thabhairt duit fógra a thabhairt do na húdaráis tríd an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.**

✓ **Comhoibrigh le húdaráis um fhaireachas margaidh** arna iarraidh sin.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.1.4. maidir le hoibleagáidí an dáileora.

3.1.5. **Is soláthraí seirbhíse próiseála orduithe mé: cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT?**

Cé is soláthraí seirbhíse próiseála orduithe ann?

Sainmhíníonn RSGT soláthraithe seirbhíse próiseála orduithe mar *aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairgeann, le linn gníomhaíocht tráchtála,* ***dhá cheann ar a laghad de na seirbhísí seo a leanas****: trádstóráil, pacáistiú, seolachán agus seoladh, gan úinéireacht a bheith aige ar na táirgí lena mbaineann, seachas i gcás na seirbhísí poist mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, seirbhísí seachadta beartán mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus aon seirbhís poist nó seirbhís iompair lastais eile.*

Ciallaíonn sé seo an méid seo a leanas: más rud é, maidir le gnólacht nach soláthraíonn de ghnáth ach seirbhísí idirghabhála (soláthraí margaidh ar líne), acha sholáthraíonn seirbhísí trádstórála agus pacáistithe freisin le haghaidh táirgí áirithe, measfar gur oibreoir eacnamaíoch é le haghaidh na dtáirgí sin (soláthraí seirbhíse próiseála orduithe).

Tá sé tábhachtach an pointe a chur i dtábhacht go **meastar gur oibreoirí eacnamaíocha iad soláthraithe seirbhíse próiseála orduithe** faoi RSGT. Dá bhrí sin, ní mór duit na hoibleagáidí seo a leanas is infheidhme go ginearálta maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonadh:

— **Próisis inmheánacha**: ba cheart próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí a bheith i bhfeidhm agat a chuireann é ar do chumas do chuid oibleagáidí faoi RSGT a chomhlíonadh (e.g. rialuithe cáilíochta, láimhseáil gearán, eolas ar reachtaíocht an Aontais trí oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le sábháilteacht táirgí agus conairí foghlama maidir le sábháilteacht táirgí a thabhairt isteach); agus

— Ba cheart duit **comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis um fhaireachas margaidh** maidir le gnéithe sábháilteachta táirgí (mar a mhínítear i bpointe 3.4.5).

Tá sé tábhachtach freisin an pointe a chur i dtábhacht, mar **sholáthraí seirbhíse próiseála orduithe, gur féidir leat a bheith i d'oibreoir eacnamaíoch freagrach go huathoibríochas an táirge** (féach pointe 3.2 chun tuilleadh mionsonraí a fháil) mura bhfuil aon mhonaróir, allmhaireoir ná ionadaí údaraithe de chuid an Aontais ann maidir le táirge atá sainordaithe don chúram seo. Sa chás sin, tá tú faoi réir oibleagáidí breise (mar a mhínítear i bpointe 3.2).

Seicliosta don soláthraí seirbhíse próiseála orduithe

✓ Cuir **próisis inmheánacha ar bun le haghaidh sábháilteacht táirgí.**

✓ **Má thugann tú aon saincheist sábháilteachta nó neamhchomhlíonadh táirge faoi deara, cuir an monaróir agus na húdaráis ar an eolas**.

✓ **Ná déan dearmad gur féidir leat a bheith i do dhuine freagrach go huathoibríoch san Aontas as táirgí áirithe a láimhseálann tú!** Fíoraigh é agus más ea, déan cinnte go bhfuil an cumas agat na cúraimí sin a dhéanamh.

✓ **Comhoibrigh le húdaráis um fhaireachas margaidh** arna iarraidh sin.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.1.5. maidir le hoibleagáidí an tsoláthraí seirbhíse próiseála orduithe.

3.2. **An t-oibreoir eacnamaíoch ag glacadh ról an duine atá freagrach chuige féin freisin**

Ní féidir táirge a chumhdaítear le RSGT a chur ar an margadh gan oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe san Aontas, an 'duine atá freagrach', atá freagrach as na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/1020 agus in Airteagal 16 RSGT a dhéanamh i ndáil leis an táirge sin.

Cé hé an duine atá freagrach?

Is é an duine atá freagrach aon cheann díobh seo a leanas:

(a) monaróir atá bunaithe san Aontas;

(b) allmhaireoir, mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas;

(c) ionadaí údaraithe a bhfuil sainordú i scríbhinn aige ón monaróir a ainmníonn é chun cúraimí an duine atá freagrach a dhéanamh thar ceann an mhonaróra;

(d) soláthraí seirbhíse próiseála orduithe atá bunaithe san Aontas i ndáil leis na táirgí a láimhseálann sé, mura bhfuil aon oibreoir eacnamaíoch eile dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) bunaithe san Aontas.

Cad iad na cúraimí atá ort mar dhuine atá freagrach?

Mar dhuine atá freagrach, tá **oibleagáidí breise** ort sa bhreis orthu siúd atá agat cheana féin mar oibreoir eacnamaíoch faoi na catagóirí éagsúla a mhínítear thuas. Tá na cúraimí breise seo a leanas agat:

(a) A fhíorú gur tarraingíodh suas an doiciméadacht theicniúil agus a áirithiú gur féidir an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.

(b) Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás faireachais margaidh, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú a chur ar fáil don údarás sin i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.

(c) Na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas má tá cúis agat lena chreidiúint go bhfuil riosca ag baint le táirge.

(d) Comhoibriú a dhéanamh leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, (lena n-áirítear tar éis iarraidh réasúnaithe):

i. a áirithiú go ndéanfar gníomhaíocht láithreach, riachtanach agus cheartaitheach chun aon chás de neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in RSGT a leigheas; nó

ii. mura féidir é sin a dhéanamh, na rioscaí a bhaineann leis an táirge sin a mhaolú, nuair a cheanglaíonn na húdaráis um fhaireachas margaidh ort déanamh amhlaidh nó ar do thionscnamh féin, má mheasann tú nó má tá cúis agat a chreidiúint go bhfuil riosca ag baint leis an táirge atá i gceist.

(e) I gcás inarb iomchuí maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le táirge, seiceáil tráthrialta a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

i. go gcomhlíonann an táirge an doiciméadacht theicniúil arna tarraingt suas ag an monaróir. Ciallaíonn sé sin gur dhíothaigh nó gur mhaolaigh an monaróir an riosca\na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge dá dtugtar tuairisc air sa doiciméadacht theicniúil, e.g., trí chaighdeáin Eorpacha ábhartha nó modhanna eile a chur i bhfeidhm; agus

ii. go gcomhlíonann an táirge na ceanglais seo a leanas:

— Go bhfuil uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir nó eilimint eile ar an táirge a fhágann gur féidir an táirge a shainaithint, agus ar féidir le tomhaltóirí é a fheiceáil agus a léamh go héasca. De rogha air sin, mura féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar mhéid nó chineál an táirge, ní mór an fhaisnéis is gá a sholáthar ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

— Gur shonraigh an monaróir a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe, a sheoladh poist agus a sheoladh leictreonach agus, i gcás go bhfuil difríocht eatarthu, seoladh poist nó seoladh leictreonach an phointe teagmhála aonair inar féidir dul i dteagmháil leis. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

— Go bhfuil treoracha soiléire agus faisnéis sábháilteachta shoiléir ag gabháil lena dtáirge i dteanga is féidir le tomhaltóirí a fheiceáil agus a léamh go héasca, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh. Níl feidhm ag an gceanglas sin más féidir an táirge a úsáid go sábháilte agus de réir mar a bhí beartaithe ag an monaróir gan treoracha den sórt sin ná faisnéis sábháilteachta den sórt sin.

Ba cheart duit, arna iarraidh sin do na húdaráis um fhaireachas margaidh, fianaise dhoiciméadaithe a sholáthar maidir leis na seiceálacha a rinneadh.

(f) A áirithiú go sonraítear d'ainm, do thrádainm cláraithe nó do thrádmharc cláraithe, agus do shonraí teagmhála (lena n-áirítear an seoladh poist agus an seoladh leictreonach) ar an táirge nó ar a phacáistíocht, ar an mbeartán nó ar dhoiciméad a ghabhann leis; agus

> ***Cad is brí le 'seoladh leictreonach'?***
> Is féidir le seoladh leictreonach a bheith ina sheoladh ríomhphoist nó ina roinn thiomnaithe ar do shuíomh gréasáin a chuireann é ar a gcumas do thomhaltóirí teagmháil dhíreach a dhéanamh leat. Ní leordhóthanach suíomh gréasáin mar sin mura gcumasaíonn sé cumarsáid dhíreach leat.

(g) Má tá eolas agat ar thionóisc arb é táirge is cúis léi a bhfuil tú freagrach aisti, ag áirithiú go dtabharfar fógra faoin tionóisc sin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht gan moill mhíchuí ón nóiméad a bhfuil tú ar an eolas faoin tionóisc, d'údaráis inniúla an Bhallstáit inar tharla an tionóisc. Ní mór cineál agus uimhir aitheantais an táirge mar aon le dálaí na tionóisce a bheith sanfhógra más eol sin. Ba cheart duit aon fhaisnéis ábhartha eile a chur in iúl do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin.

Chun tuilleadh sonraíochtaí a fháil maidir le róil na ndaoine atá freagrach, féach *'Treoirlínte d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis um fhaireachas margaidh maidir le cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí'* ón gCoimisiún ([25]).

Seicliosta don duine atá freagrach san Aontas Eorpach

- ✓ **Deimhnigh gur tharraing an monaróir an doiciméadacht theicniúil suas** agus déan cinnte gur féidir leat í a sholáthar do na húdaráis arna iarraidh sin.
- ✓ **Áirithigh go léirítear do shonraí aitheantais agus teagmhála ar an táirge/leis an táirge.**
- ✓ **Seiceáil go tráthrialta go gcomhlíonann an táirge an doiciméadacht theicniúil**: ciallaíonn sé sin go ndearna an monaróir an riosca/na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge a dhíothú nó a mhaolú go maith mar a thugtar tuairisc air sa doiciméadacht theicniúil.
- ✓ **Seiceáil go tráthrialta go bhfuil sonraí aitheantais an táirge, sonraí aitheantais agus teagmhála an mhonaróra agus an allmhaireora greamaithe i gceart den táirge nó dá phacáistíocht agus go bhfuil treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leo más gá.**
- ✓ **Comhoibrigh le húdaráis um fhaireachas margaidh** agus soláthair an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad dóibh, arna iarraidh sin.
- ✓ **Má thugann tú faoi deara go bhfuil riosca sábháilteachta ag baint le táirge:**
  - **Cuir na húdaráis náisiúnta ar an eolas tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht;**
  - **cuir an monaróir ar an eolas;**
  - **déan cinnte go ndéantar gníomh ceartaitheach láithreach. Mura bhfuil sé sin déanta ag an monaróir, déan tú féin é!**
- ✓ **Tuairiscigh tionóiscí a bhaineann le táirgí** a dtagann tú ar an eolas fúthu tríd an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.**
- ✓ **Comhlíon na hoibleagáidí atá ort mar mhonaróir, allmhaireoir, ionadaí údaraithe nó soláthraí seirbhíse próiseála orduithe.**

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.2. maidir le hoibleagáidí an duine atá freagrach san Aontas.

([25]) Fógra ón gCoimisiún Treoirlínte d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis um fhaireachas margaidh i ndáil le cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí (IO C 100, 23.3.2021, lgh. 1–15).

3.3. **Soláthraithe margaí ar líne**

Cad is soláthraí margaidh ar líne ann?

ciallaíonn ‘soláthraí margaidh ar líne’ soláthraí seirbhíse idirghabhálaí a úsáideann comhéadan ar líne lenar féidir le custaiméirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe chun táirgí a dhíol. Dá bhrí sin, ní sholáthraíonn na gnólachtaí sin ach seirbhísí idirghabhála ar líne le haghaidh táirge ar leith.

Má sholáthraíonn do ghnólacht seirbhís amháin nó níos mó de chuid oibreoirí eacnamaíocha freisin, gníomhaíonn sé sa cháil sin ina ionad sin agus tá sé faoi réir oibleagáidí an oibreora eacnamaíoch ábhartha. Má sholáthraíonn gnólacht seirbhísí oibreora eacnamaíoch freisin le haghaidh táirge ar leith, féach pointí 3.1 agus 3.2 den treoir seo.

Cad iad na hoibleagáidí atá orm faoi RSGT mar sholáthraí margaidh ar líne?

Tá sé tábhachtach an pointe a chur i dtábhacht go ndéanann oibleagáidí soláthraithe margaí ar líne atá nasctha le sábháilteacht táirgí faoi RSGT cuid dá n-oibleagáidí faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (‘GSD’) a chomhlánú agus a shonrú a thuilleadh ([26]).

Baineann na hoibleagáidí seo a leanas, a leagtar amach i gCaibidil IV de RSGT, le gach soláthraí margaí ar líne ach amháin nach bhfuil na margaí sin atá marcáilte le réiltín (*) ábhartha ach amháin maidir le (i) fiontair mheánmhéide nó mhóra agus (ii) micrifhiontair/fiontair bheaga i gcás inar ainmníodh na micrifhiontair agus na fiontair bheaga sin mar ‘ardán an-mhór ar líne nó inneall cuardaigh’ de réir bhrí GSD ([27]).

Is iad seo a leanas na hoibleagáidí atá ort mar sholáthraí margaidh ar líne faoi RSGT:

— Ba cheart duit **pointe teagmhála aonair** a ainmniú lenar féidir cumarsáid dhíreach a dhéanamh, trí mheán leictreonach, **le húdaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát** i ndáil le saincheisteanna sábháilteachta táirgí.

— Ba cheart duit **clárú leis an Tairseach Safety Gate** agus bacheart duit an fhaisnéis a bhaineann le do phointe teagmhála aonair a léiriú ar an Tairseach Safety Gate.

— Ba cheart duit **pointe teagmhála aonair a ainmniú chun é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí cumarsáid a dhéanamh leat go díreach** agus go tapa i ndáil le saincheisteanna sábháilteachta táirgí.

— Ba cheart duit a áirithiú go bhfuil **próisis inmheánacha** i bhfeidhm agat maidir le sábháilteacht táirgí chun ceanglais ábhartha RSGT a chomhlíonadh gan moill mhíchuí. Ba cheart go n-áireofaí leis na próisis inmheánacha seo sásraí a chuireann é ar a gcumas do thrádálaithe (do chomhpháirtithe gnó) na nithe seo a leanas a sholáthar:

  — an fhaisnéis is gá maidir le sábháilteacht agus inrianaitheacht táirgí; agus

  — a bhféindeimhniúchán ina dtugann siad gealltanas gan ach táirgí a chomhlíonann rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí agus faisnéis aitheantais bhreise a thairiscint i gcomhréir le ceanglais GSD.

([26]) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1-102).

([27]) Áirítear in Airteagal 22 míreanna 7, 9 agus 11 RSGT sonraíochtaí oibleagáidí áirithe GSD, is é sin Airteagail 23 agus 31 de, agus dá bhrí sin leantar raon feidhme chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí sin. De bhun Airteagal 19 (re Airteagal 23 agus níos ginearálta na hoibleagáidí i roinn 3 de Chaibidil III de GSD) agus 29 GSD (re Airteagal 31 agus níos ginearálta na hoibleagáidí i roinn 4 de Chaibidil III de GSD), níl na hoibleagáidí sin infheidhme i bprionsabal maidir le soláthraithe ardán a cháilíonn mar Mhicrifhiontair agus mar Fhiontair Bheaga (MFB). Mar sin féin, áirítear maolú ar an bprionsabal sin in Airteagail 19(2) agus 29(2) GSD araon, ionas go mbeidh ardán MFB atá ainmnithe an tráth céanna mar VLOP/VLOSE faoi réir na n-oibleagáidí sin go deimhin. Dá bhrí sin, ciallaíonn an ráiteas sa tábla go bhfuil feidhm ag sonraíochtaí oibleagáidí GSD a áirítear in RSGT maidir le haon ardán a sholáthraíonn fiontair mheánmhéide agus mhóra (mar a fhoráiltear de ghnáth faoi Airteagail 19 agus 29 GSD), agus maidir le haon ardán a sholáthraíonn MFB atá ainmnithe an tráth céanna mar VLOP/VLOSE, toisc nach bhfuil feidhm ag an eisiamh ó chur i bhfeidhm ranna 3 agus 4 GSD sa chás sin.

— Ba cheart duit na bearta is gá a dhéanamh chun orduithe arna n-eisiúint ag údaráis náisiúnta **a fháil agus a phróiseáil** agus ba cheart duit gníomhú gan moill mhíchuí (agus in aon chás laistigh de **2 lá oibre** ón ordú a fháil). Ba cheart duit an t-údarás um fhaireachas margaidh a d'eisigh an t-ordú a chur ar an eolas faoin éifeacht a tugadh don ordú trí mhodh leictreonach ag baint úsáid as sonraí teagmhála an údaráis um fhaireachas margaidh a foilsíodh ar an Tairseach Safety Gate. D'fhéadfadh sé go n-éileodh ordú den sórt sin ort, ar feadh tréimhse fhorordaithe, an t-inneachar comhionann uile a thagraíonn do thairiscint ar an táirge contúirteach atá i gceist **a bhaint de do chomhéadan ar líne**, rochtain air a dhíchumasú nó rabhadh sainráite a thaispeáint.

— Ba cheart duit **faisnéis rialta a chur san áireamh maidir le táirgí contúirteacha ar thug na húdaráis um fhaireachas margaidh fógra ina leith**, faisnéis a fuarthas tríd an Tairseach Safety Gate.. Cuideoidh sé sin leat **do bhearta deonacha**a chur i bhfeidhm chun an t-ábhar a thagraíonn do thairiscintí táirgí contúirteacha ar do mhargadh ar líne a bhrath, a shainaithint, a bhaint nó a dhíchumasú, i gcás inarb infheidhme, (lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an gcomhéadan idir-inoibritheach leis an Tairseach Safety Gate). Ba cheart duit an t-údarás um fhaireachas margaidh a thug an fógra don Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate a chur ar an eolas faoi aon bheart atá déanta agat, trí úsáid a bhaint as sonraí teagmhála an údaráis um fhaireachas margaidh a foilsíodh ar an Tairseach Safety Gate.

— Ba cheart duit a bheith in ann **fógraí a bhaineann le saincheisteanna sábháilteachta táirgí a fháil** ó aon tríú páirtithe (lena n-áirítear tomhaltóirí agus eagraíochtaí tomhaltóirí), agus **iad sin a phróiseáil gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 3 lá oibre** ón bhfógra a fháil.

— (*) Maidir le sábháilteacht táirgí, ba cheart duit **an fhaisnéis sa Tairseach Safety Gate ar a laghad a úsáid chun na seiceálacha randamacha ex post is gá** faoi Airteagal 31(3) GSD a chomhlíonadh.

— (*) Maidir le sábháilteacht táirgí, ba cheart duit soláthar do sheirbhísí do **thrádálaithe a thairgeann táirgí neamhsháibháilte go minic a chur ar fionraí ar feadh tréimhse réasúnta ama** agus tar éis réamhfhógra a thabhairt.

— (*) A mhéid a bhaineann le faisnéis faoi shábháilteacht táirgí, ba cheart duit **do chomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú** ar bhealach a **chuireann é ar a gcumas do thrádálaithe a thairgeann an táirge an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a sholáthar do gach táirge a thairgtear agus a áirithíonn go dtaispeántar an fhaisnéis** nó go bhfuil rochtain éasca ag tomhaltóirí uirthi ar bhealach eile ar liostú an táirge:

  — ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon leis an seoladh poist agus an seoladh leictreonach teagmhála lenar féidir teagmháil a dhéanamh leis an monaróir;

  — mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach an duine atá freagrach de réir bhrí Airteagal 16(1) RSGT nó Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020;

  — faisnéis lenar féidir an táirge a shainaithint, lena n-áirítear pictiúr de, a chineál agus aon aitheantóir táirge eile; agus

  — aon rabhadh nó faisnéis sábháilteachta atá le greamú ar an táirge nó atá le gabháil leis i gcomhréir le RSGT nó le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú is infheidhme i dteanga is féidir le tomhaltóirí a thuiscint go héasca, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh.

— Ba cheart duit **comhoibriú leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, le trádálaithe agus le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha** maidir le sábháilteacht táirgí a thairgtear ar líne trí do sheirbhísí. Is iad seoa leanas, go háirithe, a bheadh i gceist leis sin:

  — Comhoibriú maidir le **haisghairmeacha táirgí** tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    — fógra díreach a thabhairt do na tomhaltóirí uile a rinneadh difear dóibh a cheannaigh an táirge ábhartha trí do chomhéadain;

    — faisnéis faoi aisghairmeacha táirgí ar mhaithe le sábháilteacht a fhoilsiú ar do chomhéadain ar líne; agus

    — go ginearálta, comhoibriú ar mhaithe le haisghairmeacha éifeachtacha táirgí.

— Na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha a chur ar an eolas má bhain tú tairiscint táirge a bhaineann leo.

— Faisnéis a sholáthar d'údaráis náisiúnta maidir le táirgí contúirteacha tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

— Comhoibriú le hoibreoirí eacnamaíocha agus le húdaráis um fhaireachas margaidh maidir le **tionóiscí** a dtugann fógra duit ina leith.

— Comhoibriú le húdaráis ábhartha eile lena n-áirítear gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí maidir le táirgí neamhsháibháilte agus **an slabhra soláthair ábhartha a shainaithint**.

— **Cnuaschóipeáil sonraí** a cheadú chun críoch sábháilteachta táirgí má iarrann údaráis um fhaireachas margaidh amhlaidh, agus cead a thabhairt go ginearálta do na huirlisí ar líne atá á n-oibriú ag údaráis um fhaireachas margaidh táirgí contúirteacha a shainaithint **rochtain a fháil ar do chomhéadain**.

Chun comhlíonadh do chuid oibleagáidí a éascú, d'fhorbair an Coimisiún comhéadan idir-inoibritheach den Tairseach Safety Gate, lenar féidir le soláthraithe margaí ar líne nascadh ina gcomhéadain.

Dea-chleachtais

— Moltar do sholáthraithe margaí ar líne páirt a ghlacadh i Meabhráin Tuisceana ábhartha a bhaineann le sábháilteacht táirgí, (e.g., an Gealltanas um Shábháilteacht Táirgí+) ([28]).

— Moltar do sholáthraithe margaí ar líne táirgí a sheiceáil leis an Tairseach Safety Gate sula gcuireann siad ar a gcomhéadan iad.

Seicliosta do sholáthraithe margaí ar líne

✓ **Ainmnigh pointe teagmhála aonair** lenar féidir cumarsáid dhíreach a dhéanamh, trí mheán leictreonach, **leis na húdaráis náisiúnta** agus **le tomhaltóirí** (is féidir gurb é an pointe teagmhála aonair céanna nó dhá cheann éagsúla a dhéanamh).

✓ **Cláraigh leis an Tairseach Safety Gate.**

✓ **Cuir próisis inmheánacha ar bun le haghaidh sábháilteacht táirgí.** Ba cheart a áireamh orthu sin sásraí lenar féidir le trádálaithe an fhaisnéis is gá maidir le sábháilteacht agus inrianaitheacht táirgí, a bhféindeimhniúchán agus ceanglais eile GSD a sholáthar.

✓ **Áirithigh gur féidir leat orduithe arna n-eisiúint ag údaráis náisiúnta a fháil agus a phróiseáil** agus an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh gan moill mhíchuí, agus in aon chás **laistigh de 2 lá oibre. Tuairiscigh ar ais chuig na húdaráis. Rianaigh agus díchumasaigh rochtain ar liostuithe le táirge comhionann, nuair a éilíonn na horduithe amhlaidh.**

✓ **Cuir faisnéis faoi tháirgí contúirteacha ón Tairseach Safety Gate san áireamh sna sásraí rianaithe nó díchill chuí atá agat cheana.**

✓ **Áirithigh gur féidir leat fógraí faoi shaincheisteanna sábháilteachta táirgí a fháil ó thríú páirtithe agus iad a phróiseáil gan moill mhíchuí** agus in aon chás **laistigh de 3 lá oibre.**

✓ **Comhoibrigh le húdaráis um fhaireachas margaidh, le trádálaithe agus le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.**

Oibleagáidí breise ar fhiontair mheánmhéide nó mhóra agus ar mhicrifhiontair/fhiontair bheaga i gcás inar ainmníodh na micrifhiontair agus na fiontair bheaga sin mar 'ardán nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne' de réir bhrí an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha:

✓ **Bain úsáid as faisnéis na Tairsí Safety Gate le haghaidh na seiceálacha randamacha ex post is gá.**

✓ **Cuir ar fionraí, ar feadh tréimhse réasúnta ama** agus tar éis réamhfhógra a thabhairt, soláthar seirbhísí do **thrádálaithe a thairgeann táirgí neamhsháibháilte go minic.**

([28]) https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/pages/productSafetyPledge.

✓ **Dear agus eagraigh do chomhéadan ar líne** chun **é a chur ar a gcumas do thrádálaithe an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a sholáthar le haghaidh gach táirge a thairgtear agus lena n-áirithítear go bhfuil an fhaisnéis ar taispeáint** nó go bhfuil rochtain éasca ag tomhaltóirí uirthi ar liostú an táirge:

— mionsonraí aitheantais an táirge agus a phictiúr;

— sonraí aitheantais agus teagmhála an mhonaróra;

— sonraí aitheantais agus teagmhála an duine atá freagrach as an táirge san Aontas; agus

— treoracha agus faisnéis sábháilteachta más gá.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach roinn 3.3. maidir leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe margaí ar líne.

3.4. **Oibleagáidí agus uirlisí ginearálta**

3.4.1. **Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht agus rabhaidh sábháilteachta**

Ag brath ar do chuid oibleagáidí faoi seach faoi RSGT (féach pointí 3.1 go 3.3 thuas), is féidir a cheangal ort úsáid shábháilte táirge a áirithiú trí thomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó faoi rabhaidh sábháilteachta.

Is í an chumarsáid dhíreach le tomhaltóirí an bealach is éifeachtaí chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus chun freagairt d'aisghairmeacha agus do rabhaidh sábháilteachta.

Cathain a bhíonn sé d'oibleagáid cumarsáid dhíreach a dhéanamh le tomhaltóirí?

Tá sé sainordaitheach cumarsáid dhíreach a dhéanamh le tomhaltóirí má dhéanann aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht difear do thomhaltóirí nó más gá faisnéis áirithe a chur in iúl do thomhaltóirí chun táirge a úsáid go sábháilte (rabhadh sábháilteachta).

Is féidir na tomhaltóirí a ndéantar difear dóibh a shainaithint ar cheann amháin de dhá bhealach:

— go díreach agat féin, trí shonraí pearsanta na gcustaiméirí a bhailigh tú; nó

— trí thríú páirtí (e.g. eintiteas sonrach atá i gceannas ar shonraí a bhailiú maidir le húsáideoirí mótarfheithiclí).

An gá dom tomhaltóirí a chur ar an eolas go díreach?

Is é an oibleagáid atá ort a áirithiú go dtabharfar fógra do thomhaltóirí go díreach agus gan moill mhíchuí faoin aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó faoin rabhadh sábháilteachta, ach d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ann maidir leis an ngníomhaí a chuirfidh tomhaltóirí ar an eolas:

— Mar riail ghinearálta, ba cheart gurb é an gníomhaí sa slabhra soláthair a bhfuil rochtain aige ar shonraí pearsanta custaiméirí (e.g., trí shonraí ceannaigh, cláir dhílseachta do chustaiméirí nó scéimeanna clárúcháin) an gníomhaí a dhéanann teagmháil leo. Dá bhrí sin, tá comhar sa slabhra soláthair fíor-riachtanach nuair a bhíonn aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhaidh sábháilteachta i gceist.

— De rogha air sin, féadfaidh tríú páirtí a bhfuil rochtain aige ar a sonraí teagmhála (e.g. an t-eintiteas atá i gceannas ar shonraí a bhailiú maidir le húsáideoirí mótarfheithiclí) tomhaltóirí a chur ar an eolas.

An bhfuil an oibleagáid sin comhoiriúnach leis na ceanglais maidir le sonraí pearsanta?

Tá, an oibleagáid dhlíthiúil lena gceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar sholáthraithe margaí ar líne aon sonraí custaiméara atá ar fáil dóibh cheana féin a úsáid chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha agus rabhaidh sábháilteachta, tá sí go hiomlán comhoiriúnach le reachtaíocht an Aontais maidir le sonraí pearsanta.

Ba cheart duit an oibleagáid sin a léiriú i do ráiteas príobháideachais agus i bhfaisnéis sonraí pearsanta eile a sholáthraítear do chustaiméirí.

An gá dom tomhaltóirí amháin a chur ar an eolas, nó an gá dom cuideachtaí a cheannaigh an táirge is ábhar don aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó don rabhadh sábháilteachta a chur ar an eolas freisin?

Fiú nuair a spriocdhírítear aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht agus rabhaidh sábháilteachta go príomha ar thomhaltóirí, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ort gach cineál custaiméara a chur ar an eolas, go háirithe i gcás micrifhiontar agus fiontair bheaga a ghníomhaíonn mar thomhaltóirí.

Cad iad na rialacha maidir le scéimeanna clárúcháin agus cláir dhílseachta do chustaiméirí?

Leagtar amach in RSGT oibleagáidí nua má tá na nithe seo a leanas agat (nó má tá sé beartaithe agat iad a bheith agat):

— **scéim clárúcháin**, trína ndéanann tomhaltóirí, tar éis dóibh táirge a cheannach, roinnt faisnéise (e.g. a n-ainm, a bhfaisnéis teagmhála, samhail an táirge nó a sraithuimhir) a thabhairt go deonach don mhonaróir agus go bhféadfadh roinnt tairbhí a bheith acu mar thoradh air sin; nó

— **clár dílseachta do chustaiméirí** lenar féidir táirgí a cheannaíonn tomhaltóirí a shainaithint (e.g., tá cárta dílseachta ag custaiméirí a dhéantar a scanadh nuair a cheannaíonn siad táirgí, agus tá stair a gceannachán ar fáil don ghnólacht a chuir an clár dílseachta ar bun). Ní áirítear leis sin cláir dhílseachta do chustaiméirí nach gcumasaítear leo táirgí a cheannaíonn tomhaltóirí a shainaithint, (e.g., cártaí dílseachta ina bhfaigheann custaiméirí roinnt tairbhí as méid áirithe a ceannaíodh, ach nach gcláraítear aon sonraí a mhéid a bhaineann leis na táirgí a cheannaigh an custaiméir).

Is bealaí éifeachtúla iad an dá chóras chun custaiméirí a shainaithint a ndéanann aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhadh sábháilteachta difear dóibh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go roghnódh custaiméirí gan iad a úsáid toisc nach bhfuil suim acu sna tairbhí eile a thairgtear leis an scéim clárúcháin nó leis an gclár dílseachta do chustaiméirí, agus go háirithe toisc go mb'fhéidir nár mhaith leo go ndéanfaí teagmháil leo chun críoch margaíochta.

Faoi RSGT, má tá scéim chlárúcháin nó clár dílseachta do chustaiméirí i bhfeidhm agat, ní mór duit cead a thabhairt do thomhaltóirí clárú leis an scéim clárúcháin nó páirt a ghlacadh sa chlár dílseachta do chustaiméirí chun críocha a bhaineann le sábháilteacht amháin.

Ciallaíonn sé sin nach mór an deis a bheith ag custaiméirí a sonraí teagmhála a sholáthar chun faisnéis sábháilteachta a fháil (e.g., aisghairmeacha táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó rabhaidh sábháilteachta), agus chun na críche sin amháin. Sa chás sin, níor cheart a gcuid sonraí a úsáid ach amháin chun teagmháil a dhéanamh leo i gcás aisghairme nó rabhadh sábháilteachta agus níor cheart iad a phróiseáil chun aon chríche eile (amhail margaíocht).

An bhfuil oibleagáidí eile orm tomhaltóirí a chur ar an eolas?

Is leordhóthanach duit a bheith cinnte go ndearnadh teagmháil dhíreach leis na tomhaltóirí uile a ndearnadh difear dóibh chun faisnéis a fháil faoin aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht nó faoin rabhadh sábháilteachta. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí é sin a dhéanamh ach amháin i gcás táirgí a bhfuil baisceanna beaga táirgthe acu nó a bhfuil sonraí tomhaltóirí ar fáil go héasca ina leith.

I ngach cás eile, ní mór duit fógra aisghairme soiléir agus infheicthe (féach pointe 3.4.1) nó rabhadh sábháilteachta a scaipeadh trí bhealaí iomchuí eile, lena n-áiritheofar an rochtain is leithne is féidir. Áirítear leis sin, i gcás ina mbeidh fáil air, suíomh gréasáin do chuideachta, cainéil na meán sóisialta, nuachtlitreacha agus asraonta miondíola agus, de réir mar is iomchuí, fógraí sna mórmheáin agus bealaí cumarsáide eile.

Fógra aisghairme

Ní mór faisnéis maidir le haisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht a sholáthraítear do thomhaltóirí i bhfoirm scríofa a bheith i bhfoirm fógra aisghairme. Ní mór an fógra aisghairme sin a bheith sothuigthe go héasca ag tomhaltóirí agus a bheith ar fáil i dteanga/i dteangacha an Bhallstáit/na mBallstát inar cuireadh an táirge ar fáil ar an margadh.

Liostaítear in RSGT na heilimintí nach mór a bheith san fhógra aisghairme:

— ceannlíne ina bhfuil na focail 'Aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht';

— tuairisc shoiléir ar an táirge aisghairthe, lena n-áirítear:

  — an pictiúr den táirge agus ainm agus branda an táirge;

  — uimhreacha aitheantais an táirge (e.g., baiscuimhir nó sraithuimhir), agus, más infheidhme, tásc grafach den áit a bhfuil siad ar an táirge; agus

  — faisnéis (má tá sí ar fáil) maidir le cathain agus cá háit a díoladh an táirge agus maidir le cé a dhíol é;

— tuairisc shoiléir ar an nguais a bhaineann leis an táirge aisghairthe, lena seachnaítear aon eilimint a d'fhéadfadh tuiscint na dtomhaltóirí ar an riosca a laghdú (e.g., trí úsáid a bhaint as téarmaí agus nathanna amhail 'deonach', 'réamhchúramach', 'lánroghnach', 'i gcásanna annamha' nó 'i gcásanna sonracha' nó léiriú nach raibh aon tionóisc tuairiscithe ina thaobh);

— tuairisc shoiléir ar an ngníomhaíocht ba cheart do thomhaltóirí a dhéanamh, lena n-áirítear treoir chun stop láithreach a chur le húsáid an táirge aisghairthe;

— tuairisc shoiléir ar na leigheasanna atá ar fáil do thomhaltóirí;

— uimhir shaorghlao nó seirbhís idirghníomhach ar líne, trínar féidir le tomhaltóirí tuilleadh faisnéise a fháil i dteanga oifigiúil ábhartha nó i dteangacha oifigiúla ábhartha de chuid an Aontais;

— spreagadh chun an fhaisnéis faoin aisghairm a chomhroinnt le daoine eile, más iomchuí.

Leagtar amach teimpléad ([29]) le haghaidh fógraí aisghairme i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1435 ón gCoimisiún agus tá sé ar fáil ar an Tairseach Safety Gate i bhformáid a chuireann é ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha fógra aisghairme a chruthú go héasca.

Conas is féidir liom faisnéis a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas?

Faoi RSGT, tá sé d'oibleagáid ort faisnéis aisghairme a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas ([30]). Mar shampla, nuair a roinntear fógra aisghairme ar líne, ba cheart dó dea-chleachtais maidir le hinrochtaineacht gréasáin a chur san áireamh. Má tá faisnéis thábhachtach faoin táirge aisghairthe nó faoi shainaithint na dtáirgí lena mbaineann an aisghairm le fáil i bpictiúr, ba cheart í a litriú chun go mbeidh sí inléite ag meaisín. Nuair is féidir, ba cheart don íomhá coigeartuithe solúbtha a cheadú maidir le formhéadú, gile agus codarsnacht. Ina theannta sin, ba cheart dó idir-inoibritheacht a áirithiú le cláir agus le feistí cúnta chun an fógra a nascleanúint.

3.4.2. Cén cineál leigheasanna ba cheart dom a thairiscint do thomhaltóirí má thionscnaím aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht?

I gcás táirge a aisghairm, ní mór duit rogha a thairiscint don tomhaltóir idir dhá cheann ar a laghad de na leigheasanna seo a leanas:

— an táirge aisghairthe a **dheisiú**;

— an táirge aisghairthe a **athsholáthar** le táirge den chineál céanna atá sábháilte agus atá ar comhluach agus comhchaighdeán ar a laghad leis an táirge aisghairthe; nó

— **aisíocaíocht** leordhóthanach ar luach an táirge aisghairthe. Sa chás sin, ní mór méid na haisíocaíochta a bheith comhionann ar a laghad leis an bpraghas a d'íoc an tomhaltóir. Is féidir go ndéantar foráil maidir le cúiteamh breise i ndlíthe náisiúnta.

Féadfaidh tú dreasachtaí breise a thairiscint (e.g. lascainí nó dearbháin) chun tomhaltóirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh san aisghairm.

Mar eisceacht, ní fhéadfaidh tú ach leigheas amháin a thairiscint don tomhaltóir más rud é:

— go mbeadh leigheasanna eile dodhéanta; nó

— i gcomparáid leis an leigheas atá beartaithe, d'fhorchuirfeadh na leigheasanna eile costais a bheadh díréireach.

Ba cheart measúnú a dhéanamh air sin agus na himthosca uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear an bhféadfaí an leigheas malartach a sholáthar gan míchaoithiúlacht mhór don tomhaltóir.

Ar aon chás, ba cheart go mbeadh an leigheas éifeachtach, saor ó chostas agus tráthúil i gcónaí. Níor cheart **míchaoithiúlacht mhór don tomhaltóir a bheith i gceist leis.** Níor cheart go n-íocfadh an tomhaltóir as na costais a bhaineann leis an táirge a sheoladh nó a chur ar ais ar shlí eile. I gcás táirgí nach bhfuil iniompartha de barr a gcineáil, ba cheart duit socrú a dhéanamh chun an táirge a bhailiú.

([29]) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1435 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an teimpléad le haghaidh fógra aisghairme (IO L, 2024/1435, 27.5.2024, lch. 1).

([30]) Maidir leis na táirgí a chumhdaítear faoi raon feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht (Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70–115), ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór dóibh a ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh. Ceanglaítear leis an treoir ar oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis na táirgí sin i dteanga is féidir le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca. Áirítear leis sin daoine faoi mhíchumas agus tá an fhaisnéis sin le bheith inrochtana trí cheanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir a chomhlíonadh.

Cad iad na cásanna ina bhfuil sé de cheart go huathoibríoch ag an tomhaltóir aisíocaíocht a fháil?

Mura bhfuil an deisiú nó an t-athsholáthar curtha i gcrích agat laistigh de thréimhse réasúnta agus gan míchaoithiúlacht mhór don tomhaltóir, tá an tomhaltóir i dteideal aisíocaíocht a fháil ar luach an táirge.

An féidir liom a iarraidh ar thomhaltóirí táirge contúirteach a dheisiú nó a dhiúscairt iad féin?

Is féidir leat iarraidh ar thomhaltóirí an táirge a dheisiú más féidir leo é seo a dhéanamh go héasca agus go sábháilte, (e.g., an ceallra a athrú ar ríomhaire glúine, nach mbeadh aon scileanna speisialta de dhíth). Ní mór tuairisc shoiléir a thabhairt air sin san fhógra aisghairme. Ní mór duit na treoracha is gá agus, i gcás inarb ábhartha, páirteanna athsholáthair saor in aisce nó nuashonruithe bogearraí a sholáthar do thomhaltóirí.

D'fhéadfá diúscairt an táirge chontúirtigh ag tomhaltóirí a áireamh i measc na ngníomhartha atá le déanamh más féidir leo é a dhiúscairt go héasca agus go sábháilte. Níor cheart é sin a bheith amhlaidh, mar shampla, má tá riosca dóiteáin ag baint leis an táirge tar éis é a dhiúscairt.

Cad é an nasc le Treoracha (AE) 2019/770 [31] **agus (AE) 2019/771** [32]**?**

Leagtar amach i dTreoracha (AE) 2019/770 agus (AE) 2019/771 leigheasanna conarthacha i gcás easpa comhréireachta idir na hearraí agus an conradh. Is é is aidhm do na forálacha maidir le leigheasanna in RSGT a áirithiú go gcuirfear deireadh le táirgí contúirteacha ón margadh agus go mbeidh leigheas leordhóthanach ann don tomhaltóir. Is iad seo a leanas gnéithe sonracha RSGT i gcomparáid le Treoracha (AE) 2019/770 agus (AE) 2019/771:

— i gcás aisghairm táirge faoi RSGT, níl aon teorainn ama ann chun na leigheasanna a ghníomhachtú;

— tá an tomhaltóir i dteideal leigheasanna a iarraidh ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha atá freagrach as an aisghairm, ní gá gur ón trádálaí a bheadh sé; agus

— i gcás aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht, ní gá don tomhaltóir a chruthú go bhfuil an táirge contúirteach.

Is féidir le tomhaltóirí rogha a dhéanamh úsáid a bhaint as leigheasanna a sholáthraítear i gcás táirge contúirteach a aisghairm faoi RSGT, sin nó leigheasanna ar neamhchomhréireacht earraí leis an gconradh.

Mar shampla: i gcás aisghairm táirge ar mhaithe le sábháilteacht arna tionscnamh ag an monaróir, is féidir le tomhaltóirí leigheasanna a éileamh bunaithe ar an bhfógra aisghairme nó is féidir leo leigheasanna a iarraidh ar an díoltóir atá bunaithe ar neamhchomhréireacht an earra chontúirtigh leis an gconradh, más infheidhme.

In aon chás:

— a luaithe a sholáthair leigheas do thomhaltóirí faoi RSGT, ní féidir leo leigheas a éileamh maidir le neamhchomhréireacht an earra leis an gconradh toisc go raibh an táirge contúirteach; agus

— a luaithe a sholáthair leigheas do thomhaltóirí faoi Threoir (AE) 2019/770 nó faoi Threoir (AE) 2019/771, ní féidir leo leigheas a éileamh faoi RSGT maidir leis an tsaincheist sábháilteachta chéanna.

Mar sin féin, má soláthraíodh leigheas don tomhaltóir tar éis táirge contúirteach a aisghairm, ach ní chomhlíontar ceanglais eile maidir le comhréireacht i ndáil leis an earra céanna, beidh an díoltóir fós faoi dhliteanas i leith neamhchomhréireacht an earra leis an gconradh.

(31) Treoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar (IO L 136, 22.5.2019, lgh. 1-27).

(32) Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lgh. 28–50).

3.4.3. **Cad é an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht?**

Tá trí ghné sa chóras Safety Gate:

— An córas mear-rabhaidh maidir le táirgí contúirteacha neamhbhia trínar féidir le húdaráis náisiúnta agus leis an gCoimisiún faisnéis a mhalartú maidir leis na táirgí sin (**Córas Mear-Rabhaidh Safety Gate**);

— Tairseach ghréasáin chun an pobal a chur ar an eolas faoi bhearta a dhéantar in aghaidh táirgí contúirteacha agus chun é a chur ar a gcumas dóibh gearáin a chur isteach, chomh maith le ligean do sholáthraithe margaí ar líne a bpointe teagmhála a chlárú (**Tairseach Safety Gate** ([33]));

— Tairseach ghréasáin chun é a chur ar a gcumas do ghnólachtaí a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le húdaráis agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha agus faoi thionóiscí contúirteacha (**Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht**).

Is é an **Córas Mear-Rabhaidh Safety Gate** an t-ardán trína ndéanann na húdaráis agus an Coimisiún faisnéis a mhalartú maidir le bearta a dhéantar in aghaidh táirgí contúirteacha neamhbhia. Tá faisnéis phoiblí agus sonraí rúnda srianta araon sa chóras, agus níl rochtain ar na sonraí rúnda sin ach ag údaráis chláraithe amháin.

Foilsítear sliocht as faisnéis foláirimh ón gCóras Mear-Rabhaidh ar an **Tairseach Safety Gate** chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha. **Ní mór do sholáthraithe margaí ar líne** a bpointí teagmhála a chlárú ar an Tairseach Safety Gate chun cumarsáid a éascú leis na húdaráis maidir le saincheisteanna sábháilteachta táirgí. Féadfaidh soláthraithe cláraithe margaí ar líne dintiúir idir-inoibritheachta a iarraidh, rud a chuirfidh é ar a gcumas dóibh foláirimh nua a fháil go huathoibríoch, díreach tar éis a bhfoilsithe ar an Tairseach Safety Gate.

Is uirlis í an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht** nach mór do ghnólachtaí a úsáid chun na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

— táirgí contúirteacha a sholáthair siad ar an margadh; agus/nó

— tionóiscí a tharla i ndáil le táirgí den sórt sin.

Tá an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht ar fáil ar an Tairseach Safety Gate ([34]).

Cén cineál faisnéise is gá dom a chur isteach sa Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht?

Chun fógra a chur isteach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, ní mór duit cuntas EU Login a chruthú nó logáil isteach i do chuntas EU Login atá ann cheana.

Ansin caithfidh tú faisnéis a ionchódú sa Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht chun an táirge a shainaithint, an riosca táirge nó an tionóisc a tharla a mhionsonrú, agus faisnéis faoi shlabhra soláthair an táirge a léiriú.

Cad a tharlaíonn don fhaisnéis a chuirtear isteach? An bhfuil sé ina fhógra go huathoibríoch sa Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate?

Cuirtear an fhaisnéis a chuirtear isteach sa Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht ar fáil láithreach do na húdaráis ábhartha uile um fhaireachas margaidh.

Má chomhlíontar na critéir ábhartha, féadfaidh an t-údarás a chinneadh fógra a chruthú sa Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh.

Má chuir tú measúnú riosca isteach, níl sé sin táscach ach don údarás atá freagrach, ar féidir leis an leibhéal riosca a mheasúnú ar bhealach difriúil.

An féidir liom an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid chun tomhaltóirí a chur ar an eolas?

Is féidir. Is féidir leat faisnéis a chur isteach sa Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht atá ceaptha tomhaltóirí a chur ar an eolas (e.g., fógra aisghairme um shábháilteacht táirgí). Déanfaidh an t-údarás náisiúnta ábhartha iniúchadh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach agus, má chomhlíonann sé na critéir, cruthóidh sé fógra sa Chóras Mear-Rabhaidh Safety Gate bunaithe ar chás Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht. Cuirfear an fhaisnéis phoiblí ar fáil do thomhaltóirí ansin ar an Tairseach Safety Gate. Mar sin féin, ní thagann sé sin in ionad d'oibleagáide teagmháil dhíreach a dhéanamh le tomhaltóirí agus an fhaisnéis a scaipeadh go forleathan, i gcás inarb ábhartha.

([33]) Is féidir teacht ar an Tairseach Safety Gate anseo: https://ec.europa.eu/safety-gate/
([34]) https://webgate.ec.europa.eu/safety-business-gateway/

3.4.4. **Modhnú substaintiúil**

Tá sé fíor-riachtanach go bhfanfaidh táirgí sábháilte ar feadh a saolré.

Modhnú a dhéantar ar tháirge, trí mhodhanna fisiciúla nó digiteacha, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do chineál agus saintréithe an táirge ar bhealach nach raibh intuartha sa mheasúnú riosca tosaigh ar an táirge agus a d'fhéadfadh sábháilteacht an táirge a chur i mbaol. Ba cheart, dá bhrí sin, a mheas gur modhnú substaintiúil é modhnú den sórt sin arna dhéanamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach agus, nuair nach ndéanann an tomhaltóir é nó nach ndéantar thar ceann an tomhaltóra é, ba cheart **a mheas gur táirge nua ó mhonaróir eile é an táirge**.

Chun a áirithiú go gcomhlíontar an ceanglas ginearálta sábháilteachta a leagtar síos sa Rialachán seo, meastar gurb é an monaróir an duine a dhéanann an modhnú substaintiúil sin agus ba cheart don duine sin a bheith faoi réir na n-oibleagáidí céanna. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin maidir l**eis an gcuid mhodhnaithe den táirge, ar choinníoll nach ndéanann an modhnú difear don táirge ina iomláine**. Chun ualach neamhriachtanach díréireach a sheachaint, níor cheart a chur de cheangal ar an duine a bhfuil an modhnú substaintiúil á dhéanamh aige tástálacha a dhéanamh arís agus doiciméadacht nua a chur ar fáil i ndáil le gnéithe den táirge nach ndéanann an modhnú difear dóibh.

Ba cheart é a bheith faoin duine a dhéanann an modhnú substaintiúil a léiriú nach ndéanann an modhnú difear don táirge ina iomláine.

Tabhair do d'aire freisin, má dhéanann tú **táirgí a athbhrandáil agus iad a chur ar an margadh faoi d'ainm**, **go meastar gur tusa monaróir an táirge sin,** agus nach mór duit freagrachtaí uile monaróra a bheith ort.

3.4.5. **Comhar le húdaráis um fhaireachas margaidh**

Ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha comhoibriú go críochnúil leis na húdaráis um fhaireachas margaidh agus an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar dóibh. Áirítear leis an gcomhar sin **soláthar na faisnéise seo a leanas ag na hoibreoirí eacnamaíocha arna iarraidh sin do na húdaráis um fhaireachas margaidh:**

Ar feadh tréimhse 10 mbliana:

— Tuairisc iomlán ar na rioscaí a bhaineann leis an táirge;

— Gearáin a bhaineann leis na táirgí;

— Tionóiscí aitheanta; agus

— Tuairisc ar na bearta ceartaitheacha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí áirithe.

Ar feadh tréimhse 6 bliana:

— Faisnéis inrianaitheachta maidir le soláthróirí a sholáthair an táirge, nó páirt, comhpháirt nó aon bhogearra atá leabaithe sa táirge; agus

— Faisnéis inrianaitheachta maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ar soláthraíodh an táirge dóibh.

Thairis sin, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar oibreoirí eacnamaíocha tuarascálacha tráthrialta ar dhul chun cinn maidir le bearta ceartaitheacha a sholáthar d'údaráis um fhaireachas margaidh.

4. **Cén áit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?**

Tá tuilleadh faisnéise faoi **shábháilteacht táirgí** le fáil ar an Tairseach Safety Gate ([35]) agus ar shuíomh gréasáin poiblí an Choimisiúin ([36]). Ar na leathanaigh sin, gheobhaidh tú faisnéis ghinearálta faoi shábháilteacht táirgí Tomhaltais, chomh maith le faisnéis faoi Safety Gate, faoin Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, faoin nGealltanas um Shábháilteacht Táirgí+, faoin gcomhar idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht táirgí, caighdeáin agus faireachas margaidh.

([35]) https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/pages/obligationsForBusinesses.
([36]) https://commission.europa.eu/business-economy-euro/doing-business-eu/eu-product-safety-and-labelling_ga.

Leis an **Treoirleabhar Gorm um chur chun feidhme rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí** (is é leagan 2022 an leagan is déanaí) ([37]), soláthraítear faisnéis úsáideach do ghnólachtaí. Soláthraítear tuairisc chuimsitheach ann ar dhlíthe an Aontais lena rialaítear táirgí agus ar an gcomhthéacs ina bhfuil feidhm ag RSGT. Go háirithe, mínítear sa Treoirleabhar Gorm (i Ranna 1.2-1.3) an difríocht idir táirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe ó thaobh sábháilteacht táirgí de, a mhéid a bhaineann leis an toimhde maidir le sábháilteacht, faireachas margaidh agus oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha. Mínítear feidhmiú an fhaireachais margaidh san Aontas a thuilleadh freisin (i Roinn 7).

A mhéid a bhaineann le ról na n-oibreoirí eacnamaíocha dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán 2019/1020 ('duine atá freagrach san Aontas'), ghlac an Coimisiún **Treoirlínte** ([38]). Tugann na Treoirlínte sin cúnamh d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis mhaoirseachta araon forálacha Airteagal 4 de Rialachán 2019/1020 a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach.

Tairseach Safety Gate an Aontais

Gach lá, seolann na húdaráis náisiúnta faisnéis maidir le bearta a rinneadh nó a ordaíodh in aghaidh táirgí contúirteacha neamhbhia chuig an gCóras Mear-Rabhaidh Safety Gate. I ngach foláireamh tá faisnéis faoin táirge a bhraitear a bheith contúirteach, tuairisc ar an riosca agus ar na bearta a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch nó a d'ordaigh an t-údarás.

Is féidir leat teacht ar na foláirimh Safety Gate is déanaí ar an **Tairseach Safety Gate** ([39]), agus sna tuarascálacha seachtainiúla freisin ([40]), agus is féidir leat aon fholáireamh a foilsíodh ó 2005 a chuardach ([41]). Is féidir leat liostáil freisin le nuachtlitir Safety Gate ([42]) chun an liosta iomlán seachtainiúil d'fholáirimh is déanaí a foilsíodh a fháil.

Soláthraíonn an Tairseach Safety Gate nasc freisin chuig an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht,** ina gcuireann oibreoirí eacnamaíocha fógraí faoi tháirgí contúirteacha faoi bhráid na n-údarás um fhaireachas margaidh chomh maith le treoirlínte maidir le cur chun feidhme praiticiúil na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht.

Ina theannta sin, **tá liosta sa Tairseach Safety Gate de theagmhálaithe ábhartha** na n-údarás um fhaireachas margaidh, a dhéileálann le táirgí contúirteacha neamhbhia sna Ballstáit.

Leis na bearta cur chun feidhme agus tarmligthe a ghabhann le RSGT, soláthraítear tuilleadh faisnéise freisin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

— **na rialacha maidir le rochtain ar an gCóras Mear-Rabhaidh Safety Gate agus oibriú an Chórais sin, faisnéis atá le hiontráil sa Chóras sin, ceanglais fógra agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca** ([43]);

— **comhéadan idir-inoibritheach na Tairsí Safety Gate a chur chun feidhme le haghaidh soláthraithe margaí ar líne** ([44])**;**

— an **teimpléad le haghaidh fógra aisghairme** ([45])**;**

([37]) Fógra ón gCoimisiún 'Treoirleabhar Gorm' 2022 um chur chun feidhme rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí (IO C 247, 29.6.2022, lgh. 1–152).
([38]) Fógra ón gCoimisiún Treoirlínte d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis um fhaireachas margaidh i ndáil le cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí (IO C 100, 23.3.2021, lgh. 1–15).
([39]) https://ec.europa.eu/safety-gate-alerts/screen/webReport#recentAlerts.
([40]) https://ec.europa.eu/safety-gate-alerts/screen/webReport#weeklyReports.
([41]) https://ec.europa.eu/safety-gate-alerts/screen/search?resetSearch=true.
([42]) https://ec.europa.eu/safety-gate-alerts/screen/webReport/subscription.
([43]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3173 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rochtain ar an gCóras Mear-Rabhaidh Safety Gate agus a oibriú, faisnéis atá le cur isteach sa Chóras sin, ceanglais maidir le fógra a thabhairt agus na critéir maidir le measúnú ar an leibhéal riosca, (IO L, 2024/3173, 13.12.2024).
([44]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1459 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an chomhéadain idir-inoibrithigh ar an Tairseach Safety Gate le haghaidh soláthraithe margaí ar líne (IO L, 2024/1459, 28.5.2024).
([45]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1435 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an teimpléad le haghaidh fógra aisghairme (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IO L, 2024/1435, 27.5.2024).

— na **módúlachtaí do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi tháirgí a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí** ([46])**;**

— na **táscairí aschuir** ([47])**;** agus

— **róil agus cúraimí phointí teagmhála náisiúnta aonair an Chórais Mear-Rabhaidh Safety Gate** ([48]).

Ar deireadh, foilsítear tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí (lena n-áirítear torthaí tástála) faoi chuimsiú na **nGníomhaíochtaí Comhordaithe um Shábháilteacht Táirgí (CASP)** a eagraítear go tráthrialta, ar lena linn a dhéanann údaráis an Aontais agus CSTE tástáil le chéile ar tháirgí sonracha. Is féidir leat **bileoga eolais faisnéiseacha a fháil freisin le príomhtheachtaireachtaí do ghnólachtaí** a d'fhéadfadh cuidiú leat faisnéis a fháil faoi roinnt catagóirí táirgí. Tá tuarascálacha críochnaitheacha agus ábhar faisnéise ar fáil i dteangacha uile an Aontais ar an Tairseach Safety Gate ([49]).

5. Conclúid

Áirithíonn RSGT sábháilteacht táirgí agus cosaint tomhaltóirí. Comhlánaíonn sé na ceanglais shonracha a fhorchuirtear le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú táirgí agus ar bhonn níos ginearálta le dlí an Aontais. I gcás gnólachtaí, soiléiríonn agus comhchuibhíonn sé a bhfreagrachtaí a bhaineann le sábháilteacht táirgí agus, dá bhrí sin, soláthraíonn sé deimhneacht dhlíthiúil níos airde.

Tá sé tábhachtach na hoibleagáidí maidir le sábháilteacht táirgí faoi RSGT a chomhlíonadh chun cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí atá gníomhach i Margadh Aonair an Aontais agus chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú. Gnólachtaí nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí, féadfaidh siad a bheith faoi réir fíneálacha arna bhforchur ag na Ballstáit.

Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht nach bhfuil rialacha dliteanais á rialú ag RSGT féin. Tá tuilleadh eolais faoi **reachtaíocht an Aontais maidir le dliteanas táirge** le fáil ar shuíomh an Choimisiúin ([50]).

Tá sé tábhachtach freisin an pointe a chur i dtábhacht gur féidir ceanglais reachtacha a chomhlánú go mór le **tionscnaimh dheonacha lena bhfeabhsaítear sábháilteacht táirgí a thuilleadh**, agus lena n-aithnítear na hiarrachtaí a dhéantar (e.g. an Gealltanas um Shábháilteacht Táirgí+ ([51]) nó an Dámhachtain um Shábháilteacht Táirgí) ([52]).

Aithnítear le RSGT freisin a thábhachtaí atá scéimeanna deonacha den sórt sin, a théann thar na ceanglais dhlíthiúla, agus tugtar an rogha d'údaráis inniúla náisiúnta agus don Choimisiún **meabhráin tuisceana** dheonacha a chur chun cinn le hoibreoirí eacnamaíocha nó le soláthraithe margaí ar líne, chomh maith le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar thomhaltóirí nó ar oibreoirí eacnamaíocha, ina bhfuil gealltanais dheonacha chun sábháilteacht táirgí a fheabhsú. Moltar do na gníomhaithe ábhartha uile tionscnaimh den sórt sin a fhorbairt.

Teagmháil

I gcás ceisteanna sonracha eile a d'fhéadfadh a bheith agat, féadfaidh tú tuilleadh sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta um fhaireachas margaidh a fháil ar an Tairseach Safety Gate ([53]).

([46]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1740 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na módúlachtaí le haghaidh tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi tháirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo agus le haghaidh tharchur na faisnéise sin chuig na húdaráis náisiúnta lena mbaineann (IO L, 2024/1740, 24.6.2024).

([47]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2958 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena gcinntear na táscairí aschuir ábhartha le haghaidh Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L, 2024/2958, 2.12.2024).

([48]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2639 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le róil agus cúraimí phointí teagmhála náisiúnta aonair an Chórais Mear-Rabhaidh Safety Gate (IO L, 2024/2639. 10.10.2024).

([49]) https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/pages/casp.

([50]) https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/goods/free-movement-sectors/liability-defective-products_en.

([51]) https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/pages/productSafetyPledge.

([52]) https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/pages/safetyAward.

([53]) https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/pages/contacts.